



20
25

Tuarascáil Bhliantúil

maidir le Feidhmíocht
Fuinnimh na hEarnála Poiblí

Clár na nÁbhar

Réamhrá ón Aire	03	7 Taisteal gnó	50
Réamhrá ó SEAI	04	8 Comhlíonadh an tSainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2024	52
Buaicphointí teicniúla	05		
1 An creat faireacháin agus tuairiscithe don earnáil phoiblí	07	Liosta fíoracha agus táblaí	54
2 Dul chun cinn i dtreo na spriocanna	10	Iarscríbhinn A – Feidhmíocht Comhlachtaí Poiblí aonair	55
3 Ídiú fuinnimh agus astaíochtaí CO ₂ atá bainteach le fuinneamh	20	Iarscríbhinn B – Feidhmíocht de réir grúpa roinne	78
4 Cás-staidéir	37	Iarscríbhinn C – Modh-eolaíocht tuairiscithe	81
5 Foirgnimh	41	Iarscríbhinn D – Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2024	83
6 Feithiclí	47	Iarscríbhinn E – Gluais	86

Réamhrá ón Aire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil

Cúis sásaimh dom Tuarascáil Bhliantúil 2025 Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann maidir leis an bhFeidhmíocht Fuinnimh san Earnáil Phoiblí a chur os comhair an phobail. Rinneamar dul chun cinn suntasach i réimsí breise i gcaitheamh 2024 leis an ídiú fuinnimh a laghdú, le hastaíochtaí a laghdú agus leis an inbhuanaitheacht a neadú mar ghné lárnach de sholáthar seirbhísí poiblí.



Tá an Rialtas agus an Roinn atá faoi mo chúram

ag tacú go gníomhach leis an aistriú fuinnimh. Is maith a thuigimid go bhfuil a lán dúshlán i gceist má táthar le córas fuinnimh na tíre a dhíchárbónú agus seirbhísí poiblí iomlán inbhuanaithe a sholáthar. Tá deiseanna ann chomh maith agus réimse atá ann leis an nuáil agus an comhar a chur chun cinn san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, agus i ngach gné de shochoaí, de phobail agus de gheilleagar na tíre.

Tá gealltanais tugtha againn go mbainfear glanastaíochtaí nialasacha amach faoi 2050 i gcás gach foirgnimh, na spriocanna náisiúnta á gcur i gcomhréir leis na spriocanna uailmhianacha atá leagtha síos leis an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus leis an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh. Tabharfaidh an earnáil phoiblí dea-shampla i bhfoirm maoiniú agus saineolas a sholáthar agus, ar a bharr sin, an treo a aimsiú do dhreamanna eile ar an aistear chun an dícharbónaithe. Tá an Roinn atá faoi mo chúram ag obair ar phlean náisiúnta na hÉireann maidir le hathchóiriú foirgneamh ina léireofar na bealaí a mbainfear amach athchóiriú ar an stoc náisiúnta foirgneamh cónaithe agus eile, idir fhoirgnimh phoiblí agus fhoirgnimh príobháideacha, le go mbeidh stoc foirgneamh dícharbónaithe ann faoi 2050 a bheidh iontach éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de. Agus an próiseas seo ar bun, aithnímid an ról ríthábhachtach a chomhlíonann saineolaithe agus soláthraithe seirbhísí a chuireann na sonraí ar fáil agus a bhfuil an taithí acu atá mar bhonn faoin gcinnteoireacht i mbeartas an Rialtais.

Tá na héachtaí atá bainteach amach againn go dtí seo de thoradh ar dhúthacht choiteann atá againn ar fad i ngach réimse de Ranna Rialtais, Údarás Áitiúla, scoileanna, otharlanna agus gníomhaireachtaí poiblí. Is léir an dúthacht sin i **gClár Pathfinder na hEarnála Poiblí**, clár ar cuireadh tús leis mar threoirthionscadal in 2017 agus ar

tháinig forbairt air trí phróiseas an Phlean um Gníomhú ar son na hAeráide. A bhuí le Clár Pathfinder, tá **dea-shampla á thabhairt** againn san aistriú i dtreo saol ísealcharbóin amach anseo, bíodh sé sin mionoibreacha, iarfheistiú domhain foirgneamh poiblí nó córais chliste bainistíochta fuinnimh. Is léir as an dul chun cinn atá á thuairisciú sa tuarascáil seo gur féidir athruithe a bhaint amach agus tionchar a imirt dá réir.

Táimid **sásta ceiliúradh a dhéanamh ar an méid atá déanta ach aithnímid go bhfuil cuid mhór le déanamh sula mbíonn an obair curtha i gcrích againn**. Sa bhliain atá romhainn, cuirfidimid dlús lenár n-iarrachtaí i rith an ama ionas go ndéanfaidh gach comhlacht san earnáil phoiblí a sciar féin den obair leis na spriocanna a bhaint amach.

Gabhaim buíochas ó chroí le gach duine atá i ndiaidh an dul chun cinn seo a spreagadh lena ndíograis agus lena saineolas. Is léir as an gcomhar eadrainn gur meán don athrú, anois agus feasta, atá san earnáil phoiblí má dhéantar seirbhísí a sholáthar a bheidh níos glaine, níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe ar mhaithe leis na saoránaigh ar fad sa tír.

Táim ag súil le bheith ag obair níos mó i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara ar fad leis an sprioc seo a bhaint amach agus le córas fuinnimh na tíre a aistriú go córas a bheidh níos sláine, níos inbhuanaithe agus níos inacmhainne ag cách.

Darragh O'Brien TD
An tAire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil

Réamhrá ó Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

Ós rud é go bhfuil laghdú á bhaint amach ar spleáchas na tíre ar bhreoslaí iontaise, táimid ag obair ionas go mbeidh saoránaigh na tíre níos sláintiúla agus níos sócúlaí. Tír ina mbeidh gnólachtaí beaga agus móra níos iomaíche agus níos seasmhaí. Tír ina mbeidh an geilleagar agus caighdeán na beatha níos socraithe agus níos inmharthana.



Má táimid chun an fhís sin a bhaint amach, tá ceannasaíocht le tabhairt ag an earnáil phoiblí: otharlanna agus scoileanna na tíre, an t-iompar poiblí, fóntais agus seirbhísí riachtanacha eile, is é sin le rá bonneagar an stáit.

Tugtar léargas sárluachmhar dúinn sa tuarascáil seo ar an dul chun cinn atá á dhéanamh againn i dtreo na sprice seo atá againn go léir. Tá cuntas tábhachtach sa tuarascáil ar an obair atá le déanamh go fóill.

I mbeagán focal: tá níos mó ar bun againn agus, san am céanna, níos lú fuinnimh á úsáid agus níos lú astaíochtaí á n-astú againn. Is léir as scála an laghdaithe go bhfuil i bhfad níos mó le déanamh againn.

Tá méadú ar an sciar fuinnimh ar fuinneamh in-athnuaite é. Méadú mall atá ann agus tá méadú san am céanna ar an éileamh fuinnimh san earnáil phoiblí. Dá bharr sin, táimid fós ar leibhéal 55% ó thaobh spleáchas ar bhreosla iontaise de, leibhéal ar doiligh é a athrú.

An dea-scéala atá ann ná go bhfuil feabhsú suntasach tagtha ar an éifeachtúlacht fuinnimh, is é sin níos lú fuinnimh a úsáid le níos mó a dhéanamh. Tá feabhsú 40% ar éifeachtúlacht bainte amach ag eagraíochtaí na tíre san earnáil phoiblí ó bhí 2009 ann. Má chloímid leis an dul chun cinn seo, táimid chun an sprioc atá leagtha síos againn féin do 2030 a bhaint amach.

Tá torthaí eile ann ar díol spéise iad. Is dócha nach aon chúis iontais é gurb iad foirgnimh phoiblí na tíre is cúis le leathchuid den fhuinneamh iomlán a úsáideadh nó mar sin. Leagann sé sin béim ar an tábhacht atá le héifeachtacht agus caighdeán arda sa bhainistiú fuinnimh agus ar ról atá le comhlíonadh ag an iarfheistiú spriocdhírthe chun astaíochtaí fuinnimh ar an iomlán a laghdú. Gné shuntasach eile atá ann ná iompar, taobh le seirbhísí uisce, soilsiú poiblí agus próisis speisialaithe eile.

Tá líon beag eagraíochtaí fós chun tosaigh ar an gcuid eile ó thaobh ídiú fuinnimh de. Is iad na deich n-úsáideoir ar an leibhéal is airde is cúis le níos mó ná an leathchuid den úsáid iomlán fuinnimh. Tá Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ag obair go speisialta leis na húsáideoirí móra fuinnimh seo leis an treo a athrú.

Is cúis dóchais dúinn na tionscadail fuinnimh atá beartaithe againn idir seo agus 2030 ach caithfear níos mó ná sin a dhéanamh. Caithfidimid dul chun cinn leanúnach a dhéanamh ar an sciar d'fhuinneamh in-athnuaite ar an eangach agus, san am céanna, cuidiú le gach gné den earnáil phoiblí laghdú a bhaint amach ar a spleáchas ar bhreoslaí iontaise don téamh agus taisteal agus in oibriú seirbhísí riachtanacha. Caithfidimid saothrú le chéile leis seo a bhaint amach agus cuidiú le cách, is cuma cén chéim den aistear atá bainte amach acu.

Ár mbuíochas leis na heagraíochtaí poiblí ar fad a ghlac páirt san obair agus a thug na sonraí a theastaigh leis an tuarascáil rithábachtach seo a chur i dtoll a chéile. Tá léargas cuimsitheach sa tuarascáil ar an earnáil phoiblí ar fad, nach mór, agus is féidir an fhaisnéis a úsáid mar phointe cóimheasa agus mar spreagadh, muid á spreagadh chun gníomhú go práinneach agus go freagrach, ceannasaíocht á léiriú, thar ceann na ndaoine agus na bpobal a bhfuilimid ann chun freastal orthu.

William Walsh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

Buaicphointí teicniúla



Comhlíonadh na hoibleagáide tuairiscithe


- Iarradh ar 352 comhlacht poiblí sonraí maidir le feidhmíocht fuinnimh agus astaíochtaí a chur faoi bhráid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann do 2024. Chuir 346 ceann de na comhlachtaí sin leibhéal sásúil sonraí isteach le go bhféadfadh an tÚdarás an dul chun cinn atá déanta acu i dtreo na spriocanna do 2030 ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú ar astaíochtaí de a dhéanamh amach.
- Chuir 3,083 scoil as 3,653 scoil neamhspleách leibhéal sásúil sonraí isteach le go bhféadfadh torthaí a ríomh do 2024.
- Is ionann ídiú fuinnimh na n-eagraíochtaí ar fad a thuairiscigh sonraí agus 99% den ídiú iomlán fuinnimh san earnáil phoiblí.
- Ar a bharr sin, iarradh ar 293 comhlacht poiblí ráiteas a dhréachtú agus a chur faoi bhráid na Roinne Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil maidir le comhlíonadh an tSainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide. Chuir 218 comhlacht poiblí díobh sin ráiteas iomlán isteach.



Ídiú Fuinnimh

- Ídíodh 7,105 GWh d'fhuinneamh deiridh san earnáil phoiblí in 2024.
- Foirgnimh ba chúis le 46-48% den ídiú fuinnimh, seirbhísí uisce le 10% de, próisis thionsclaíocha agus speisialaithe le 11% de agus soilsiú poiblí le 2% de. Seirbhísí iompair phoiblí de bhóthar agus d'iarnród ba chúis le 8% an ceann den ídiú fuinnimh, iompar eile de bhóthar ba chúis le 10% de agus ídíodh 3% de in iompar, gléasra agus innealra.
- San iomlán, is iad na deich n-úsáideoir fuinnimh is mó ba chúis le 56% den ídiú iomlán.
- Ar an iomlán, tháinig méadú 118 GWh nó 2% ar an ídiú fuinnimh deiridh idir 2023 agus 2024. Tháinig méadú 3% ar an ídiú fuinnimh i bhfuinneamh teirmeach, 2% san iompar agus 1% sa leictreachas.

- Is ó bhreoslaí iontaise a bhí 55% den ídiú fuinnimh iomlán san earnáil, ó leictreachas 32% de agus ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh 13% de.



Astaíochtaí CO₂ a bhaineann le fuinneamh

- Ídiú fuinnimh san earnáil phoiblí ba chúis le 1,545 ktCO₂ d'astaíochtaí CO₂ in 2024 a bhí bainteach le fuinneamh, méid a chuimsigh 928 ktCO₂ astaíochtaí go díreach ó bhreoslaí iontaise.
- Astaíochtaí CO₂ iontaise – as ídiú breoslaí iontaise don téamh agus iompar: 0.4% de mhéadú (4 ktCO₂) idir 2023 agus 2024.
- Bhí an CO₂ iomlán 2% níos ísle in 2024 i gcomparáid le 2023, an fhorbairt sin go príomha mar gheall ar dhícharbónú breise ó thaobh an tsoláthair de san earnáil leictreachais.



Dul chun cinn i dtreo na spriocanna

- Níltear ar chonair san earnáil a bheadh i gcomhréir leis an sprioc do 2030 i gcás CO₂ iontaise ná an sprioc do 2030 i gcás CO₂ iomlán a bhaint amach.
- Tá an sprioc don CO₂ iontaise ar an sprioc is tábhachtaí don laghdú ar astaíochtaí don earnáil. Faoi 2024, ní raibh ach laghdú 6.7% tagtha ar CO₂ iontaise ó bhí tréimhse bhonnlíne 2016-2018 ann, b'in laghdú go 928 ktCO₂. D'fhág sé sin go bhfuil bearna 441 ktCO₂, nó 44.3 pointe céatadáin, ann má táthar leis an sprioc 51% do 2030 a bhaint amach.
- Faoi 2024, bhí dul chun cinn á dhéanamh ag 88 comhlacht poiblí a bheadh ag teacht leis an sprioc do CO₂ iontaise a bhaint amach. Bhí a gcuid CO₂ iontaise laghdaithe ag 110 comhlacht poiblí eile ó leagadh síos a mbonnlínte ach ní raibh siad ar an gconair chúil leis an sprioc a bhaint amach. Bhí méadú tagtha ar CO₂ iontaise ó leagadh síos a mbonnlínte i gcás 112 comhlacht poiblí eile.

- Is é atá sa sprioc don CO₂ iomlán ná sprioc thánaisteach laghdaithe astaíochtaí ina gcuimsítear astaíochtaí leictreachais chomh maith le hastaíochtaí iontaise. Ní mór don earnáil a hastaíochtaí iomlána a laghdú 1,357 ktCO₂, nó thart ar 65%, ón leibhéal bonnlíne chun a sprioc iomlán CO₂ de 719 ktCO₂ a bhaint amach faoi 2030. Faoi 2024, tháinig laghdú 531 ktCO₂ ar astaíochtaí iomlána na hearnála ón mbonnlíne - laghdú 25.6%.
- Faoi 2024, ba 40% an feabhsú comhiomlán ar éifeachtúlacht fuinnimh. Cuireann sé sin in iúl go bhfuiltear ar chonair san earnáil a thabharfadh le fios go mbainfear amach an sprioc don éifeachtúlacht fuinnimh, is é sin 50% faoi 2030.
- Tá sonraí tuairiscithe ag comhlachtaí poiblí agus scoileanna maidir le 1,110 tionscadal fuinnimh a bhfuil sé beartaithe iad a chur i bhfeidhm sna blianta 2025-2030. Má chuirtear i bhfeidhm iad i gcomhréir leis na hamlínte atá tuairiscithe, d'fhéadfaí an CO₂ iontaise a laghdú 7% breise faoi 2030 san earnáil, i gcomparáid le leibhéal 2024, rud a d'fhágfadh go mbeadh 38 pointe céatadáin eile ann chun an sprioc do 2030 a bhaint amach.



Foirgnimh

- De réir mheastacháin Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, d'fhéadfadh sé go mbeadh os cionn 18,000 foirgneamh agus os cionn 20 milliún méadar cearnach sa phunann iomlán foirgneamh san earnáil phoiblí. Bhí sonraí maidir le 14,844 foirgneamh tuairiscithe ag comhlachtaí poiblí de réir mar a sheas cúrsaí i ndeireadh 2024, agus achar urláir iomlán 16.4 milliún méadar cearnach ar fad ann.
- Tuairiscíodh 949 foirgneamh a raibh achair urláir os cionn 4,000 m² iontu. Nuair a cuireadh le chéile iad, b'ín breis is leathchuid den achar iomláin urláir a tuairiscíodh.
- Saoráidí cúraim sláinte iad beagnach aon trian de na haonaid foirgneamh a tuairiscíodh, oifigí iad beagnach aon chúigiú díobh agus saoráidí oideachais iad 12% díobh. Foirgnimh oideachais agus saoráidí cúraim sláinte iad aon cheathrú den achar iomlán urláir a tuairiscíodh an ceann.



Feithiclí

- Tuairiscíodh go raibh 43,204 feithicil i bhflít na hearnála poiblí faoi dheireadh 2024. Bhí os cionn 1,000 feithicil an ceann in ocht gcinn de chomhlachtaí poiblí, arbh in 60% den fhflít iomlán. Thuairiscigh beagnach leathchuid de chomhlachtaí poiblí nach raibh aon feithicil acu.
- Thuairiscigh 84 comhlacht poiblí go bhfuair siad 12,826 feithicil san iomlán idir Lúnasa 2021 agus an 31 Nollaig 2024. Is feithicilí breoslaí iontaise (feithicilí hibrideacha neamh-inluchtaithe san áireamh) iad 94% de na feithicilí a fuarthas. Níor cuireadh ach 678 feithicil cheallra-leictreach le flít na hearnála poiblí sa tréimhse sin, arbh in 5% den mhéid iomlán feithicilí a fuarthas.



Taisteal ar ghnó

- Thuairiscigh comhlachtaí poiblí beagnach 409 milliún ciliméadar de thaisteal gnó i bhfeithicilí príobháideacha bóthair in 2024 agus beagnach 112,000 eitilt aonair le haerlínte tráchtála.

1 An creat faireacháin agus tuairiscithe don earnáil phoiblí

Is í seo an dara tuarascáil bhliantúil déag ar fheidhmíocht fuinnimh san earnáil phoiblí. Tá raon feidhme ídiú fuinnimh na hearnála poiblí leathan agus cuimsíonn sé réimse leathan eagraíochtaí, lena n-áirítear an státseirbhís, údaráis áitiúla, comhlachtaí/gníomhaireachtaí stáit neamhthráchtála, comhlachtaí agus eagraíochtaí tráchtála stáit sna hearnálacha sláinte, ceartais, cosanta agus oideachais.

1.1 An oibleagáid sonraí a thuairisciú

Éilítear ar gach eagraíocht san earnáil phoiblí sonraí fuinnimh agus sonraí gaolmhara a thuairisciú d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann gach bliain, córas faireacháin agus tuairiscithe fuinnimh na hearnála poiblí á úsáid acu, an méid sin i gcomhréir le Rialachán 5(3) in I.R. 426 de 2014. Ina theannta sin, éilítear ar chomhlachtaí poiblí an córas faireacháin agus tuairiscithe a úsáid chun fáil ábhartha feithiclí a thuairisciú gach bliain i gcomhréir le Rialachán 8 in I.R. 381 de 2021.

Úsáideann comhlachtaí poiblí agus scoileanna an córas bogearraí gréasánbhunaithe seo lena gcuid sonraí a thuairisciú gach bliain i gcomhréir le timthrialla bliantúla tuairiscithe. An spriocdháta a bhí ann le sonraí do 2024 a thuairisciú ná an 16 Bealtaine 2025:

- Iarradh ar 352 comhlacht poiblí, 16 bhord oideachais agus oiliúna (BOOnna) ina measc¹, sonraí maidir le feidhmíocht fuinnimh agus astaíochtaí a thuairisciú do thimthriall tuairiscithe 2024. Ar a bharr sin, iarradh ar na heagraíochtaí céanna sonraí a thuairisciú maidir le tionscadail spárála fuinnimh, foirgnimh, feithiclí agus taisteal gnó.
- Iarradh ar 3,653 scoil eile sonraí a thuairisciú maidir le feidhmíocht fuinnimh, astaíochtaí agus tionscadail do thimthriall tuairiscithe 2024.

Córas gréasánbhunaithe atá sa chóras faireacháin agus tuairiscithe trína ndéanann comhlachtaí poiblí agus scoileanna sonraí maidir le fuinneamh, astaíochtaí agus cúrsaí gaolmhara a thuairisciú d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann gach bliain².

Éilítear ar gach eagraíocht san earnáil phoiblí sonraí fuinnimh agus sonraí gaolmhara a thuairisciú d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann gach bliain i gcomhréir le Rialachán 5(3) in I.R. 426 de 2014

1 Iarradh ar na háiseanna atá faoi choimirce na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOOnna), lena n-áirítear os cionn 275 scoil, tuairisciú a dhéanamh trína gcuid BOOnna.

2 Tá tuilleadh eolais faoin gcóras faireacháin agus tuairiscithe ar <https://seai-psmr2030-wiki-app.azurewebsites.net/en/About>

1.2 Spriocanna 2030

Úsáideann Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann na príomhshonraí fuinnimh atá le tuairisciú ag eagraíochtaí san earnáil phoiblí d'fhonn dul chun cinn gach eagraíochta a rianú san aistear i dtreo trí cinn de spriocanna móra do 2030:

- **Sprioc do CO₂ iontaise:** ní mór do gach eagraíocht a cuid astaíochtaí CO₂ iontaise a laghdú 51% faoi 2030, an laghdú sin ó thréimhse bhonnlíne astaíochtaí do 2016-2018 (ar an meán). Seo an phríomhsprioc do chomhlachtaí poiblí agus don earnáil ó thaobh astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú de.
- **Sprioc don CO₂ iomlán:** ní mór do gach eagraíocht sprioc iomlán do CO₂ (bainteach le fuinneamh) iomlán a bhaint amach do 2030, arb ionann sin agus a sprioc don CO₂ iontaise móide a hastaíochtaí leictreachais ar bhonnlíne astaíochtaí

na heagraíochta lúide a laghdú réamh-mheasta ar astaíochtaí ó leictreachas ó thaobh an tsoláthair de faoi 2030. Níl an sprioc seo chomh tábhachtach céanna leis an sprioc do CO₂ iontaise.

- **Sprioc don éifeachtúlacht fuinnimh:** ní mór do gach eagraíocht a héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 50% faoi 2030, an feabhsú sin i gcomparáid le bonnlíne éifeachtúlachta fuinnimh, sin 2009 don chuid is mó d'eagraíochtaí³.

Tá cur síos cuimsitheach ar na modheolaíochtaí a úsáidtear leis an dul chun cinn a rianú i dtreo na spriocanna seo ar fad i 'Vici cabhrach' faireacháin agus tuairiscithe ar líne SEAI⁴.

1.3 Comhlíonadh na hoibleagáide tuairiscithe

Rinne 346 comhlacht den 352 comhlacht poiblí agus 3,083 scoil den 3,653 scoil neamhspleách leibhéal sásúil sonraí ar fheidhmíocht fuinnimh agus astaíochtaí do 2024 a chur faoi bhráid SEAI ionas go bhféadfadh an tÚdarás a ndul chun cinn i dtreo na dtrí sprioc a ríomh. Is ionann na 346 tuarascáil a chuir comhlachtaí poiblí isteach agus ráta comhlíonta tuairiscithe 98%. Ba 84% an ráta comhlíontachta do scoileanna neamhspleácha agus méadú a bhí ansin ar an ráta comhlíontachta an bhliain roimhe sin, 81%. Measann SEAI gurb ionann ídiú na gcomhlachtaí poiblí agus scoileanna ar fad a thuairiscigh sonraí agus os cionn 99% den ídiú fuinnimh iomlán san earnáil phoiblí.


Chuir tromlach suntasach comhlachtaí poiblí sonraí isteach chomh maith maidir le tionscadail fuinnimh, foirgnimh, feithiclí agus taisteal gnó, agus tá achoimre ar an méid sin in Tugtar i bhFóir 1. Ina theannta sin, iarradh ar 293 comhlacht poiblí an córas faireacháin agus tuairiscithe a úsáid chun ráiteas maidir le comhlíonadh an tSainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide a chomhlánú agus a chur faoi bhráid na Roinne Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil⁵. Chuir 218 comhlacht poiblí ráiteas iomlán isteach.

3 Tá tréimhsí bonnlíne ó bhlianta níos luaithe ná sin i bhfeidhm i gcás comhlachtaí poiblí áirithe, tá bonnlínte ó bhlianta ina dhiaidh sin ann i gcás líon beag comhlachtaí agus úsáideann an chuid is mó de scoileanna neamhspleácha 2013 mar bhonnlíne.

4 Tá an vici cabhrach faireacháin agus tuairiscithe ar <https://seai-psmr2030-wiki-app.azurewebsites.net/en/home>

5 Tá an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2024, i mbosca 10.2 den Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus tá feidhm aige maidir le 293 comhlacht poiblí. Níl feidhm aige maidir le húdaráis áitiúla, le comhlachtaí tráchtála leathstáit ná leis an earnáil scoileanna.

Fíor 1: Comhlíontacht comhlachtaí poiblí leis na ceanglais tuairiscithe in 2024⁶



1.4 Cáilíocht sonraí

Tá na sonraí atá á gcur i láthair sa tuarascáil seo bunaithe ar na tuarascálacha iomlána a chuir 346 comhlacht poiblí agus 3,083 scoil neamhspleách isteach.

Tá cuid de na sonraí maidir le hídiú fuinnimh agus astaíochtaí a thuairiscigh comhlachtaí poiblí agus scoileanna faoi réir fíorú breise toisc go bhfuil sé sonraithe ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann nach bhfuil siad laistigh den raon luachanna inchreidte a mbeadh coinne leis. Tá sonraí dá leithéid fágtha amach

as na sonraí comhiomlána atá á gcur i láthair i gcorp na tuarascála seo ach tá siad curtha i láthair sna sonraí ar leibhéal na heagraíochta in Aguisín A.

Is luachanna slánaithe iad na luachanna ar fad atá á gcur i láthair sa tuarascáil seo maidir le fuinneamh (MWh nó GWh) agus astaíochtaí gás ceaptha teasa (tCO₂ nó ktCO₂). Tá miondíríochtaí slánaithe i gcuid de na sonraí a chuirtear i láthair.

1.5 Ráitis Fuinnimh Bhliantúla

Déanann SEAI Ráiteas Bliantúil Fuinnimh a fhoilsiú ar líne do gach eagraíocht a chuireann sonraí isteach trí mheán an timhrialla faireacháin agus tuairiscithe⁸.

Déantar achoimre i ngach Ráiteas ar dhul chun cinn na heagraíochta i dtreo na spriocanna do 2030 ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú ar astaíochtaí de.

6 Sa chairt seo, tugtar forléargas ardleibhéal ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí maidir le tuairisciú ach fágtar ar lár sonraí suntasacha bunúsacha áirithe. Mar shampla, i gcás eagraíochtaí áirithe a bhfuil punanna móra foirgneamh acu, tá sonraí dá bhfoirgnimh mhóra curtha isteach i gclár na bhfoirgneamh. Ós rud é go bhfuil sonraí á mbailliú acu fós i gcás na bhfoirgneamh atá níos lú ná sin, níl sé fógartha acu go bhfuil clár a bhfoirgneamh curtha i gcrích acu. I gcás eagraíochtaí áirithe, bheadh sonraí tuairiscithe acu do thionscadail spárála fuinnimh áirithe, mar shampla, ach é curtha in iúl acu nach raibh an méid sin críochnaithe toisc go raibh sonraí faoi thionscadail eile le cur le chéile acu. I gcás eagraíochtaí eile, ansin, bheadh stádas críochnaithe luaithe acu lena dtionscadail gan aon sonraí tuairiscithe acu do thionscadail bheartaithe.

7 Aonad fuinnimh atá sa ghigeavatuair (GWh). 1 GWh = 1,000 MWh = 1,000,000 kWh. Aonad astaíochtaí CO₂ is ea cileathona CO₂ (ktCO₂). 1 ktCO₂ = 1,000 tCO₂ = 1,000,000 kgCO₂.

8 Tá na Ráitis Bhliantúla Fuinnimh ar fáil ar www.seai.ie/plan-your-energy-journey/public-sector/monitoring-and-reporting/public-sector-results/public-body-results/annual-energy

2 Dul chun cinn i dtreo na spriocanna

2.1 Spriocanna chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú

Tá dhá sprioc maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le fuinneamh faoi 2030 ag gach eagraíocht san earnáil phoiblí – sprioc CO₂ iontaise agus sprioc iomlán CO₂. Tá an sprioc don CO₂ iontaise ar an sprioc is tábhachtaí don laghdú ar astaíochtaí. Déantar achoimre ar an dá sprioc sin sa bhosca téacs.



Tá an sprioc don CO₂ iontaise ar an sprioc is tábhachtaí don laghdú ar astaíochtaí i gcás comhlachtaí poiblí agus na hearnála poiblí do 2030

Spríocanna do 2030 ó thaobh astaíochtaí gás ceaptha teasa de

Ní thugtar ach astaíochtaí CO₂ a bhaineann le fuinneamh sna hastaíochtaí gás ceaptha teasa sa tuarascáil seo, i.e. na hastaíochtaí is cúis leis an CO₂ a thagann as dóchán breoslaí iontaise. Is é is ciall le hastaíochtaí a bhaineann le fuinneamh ná go dtagann na hastaíochtaí as dóchán breoslaí iontaise, bíodh sé sin go díreach i gcoirí, feithiclí agus gléasra eile atá faoi raon feidhme na hearnála poiblí, nó i nginiúint an leictreachais a úsáidtear san earnáil phoiblí. Ní thugtar sa tuarascáil seo aon sonraí ar astaíochtaí nach mbaineann le fuinneamh.

Ríomhtar an dá spríoc maidir le laghdú astaíochtaí ar bhonn dearbhlathuithe ar astaíochtaí ó thréimhse bhonnlíne gás ceaptha teasa na heagraíochta, i.e. ní dhéantar aon choigeartú d'athruithe ar leibhéal ghníomhaíochta, leibhéal seirbhíse ná déimeagrafaic.



Is í 2016-2018 an **tréimhse bhonnlíne** don dá spríoc astaíochtaí (meán).



Tá feidhm ag an spríoc do **CO₂ iontaise** maidir le hastaíochtaí iontaise eagraíochta: ní foláir do gach eagraíocht a hastaíochtaí CO₂ iontaise a laghdú 51% faoi 2030. Is éard is CO₂ iontaise ann astaíochtaí CO₂ a thagann as ídiú breoslaí iontaise in eagraíocht, ídiú fuinnimh chun téamh agus iompar a sholáthar san áireamh. Tá an spríoc don CO₂ iontaise ar an spríoc is tábhachtaí don laghdú ar astaíochtaí i gcás comhlachtaí poiblí agus na hearnála poiblí do 2030.




Tá **spríoc thánaisteach don laghdú ar astaíochtaí** i bhfeidhm i gcás astaíochtaí iomlána eagraíochta a bhaineann le fuinneamh, nó CO₂ iomlán, ina gcuirtear san áireamh astaíochtaí CO₂ de bharr ídiú breoslaí fuinnimh agus leictreachais in eagraíocht. Is éard atá sa spríoc do 2030 don CO₂ iomlán, i dtónaí, i ngach eagraíocht ná spríoc na heagraíochta don CO₂ iontaise do 2030 móide astaíochtaí leictreachais na heagraíochta ag a bonnlíne gás ceaptha teasa lúide an laghdú réamh-mheasta ar astaíochtaí ó leictreachas ó thaobh an tsoláthair de faoi 2030, i dtónaí^{9,10}.

Tá na bonnlínte agus spríocanna le haghaidh astaíochtaí gach comhlachta poiblí in larscríbhinn A. Tá teacht sa chóras faireacháin agus tuairiscithe ar na ríomhanna taobh thiar de spríocanna gach comhlachta poiblí, chomh maith le cairteacha míniúchá. Is de réir an mhéid dé-ocsaíde carbóin (CO₂) a ghintear a chuirtear aon astaíochtaí in iúl. Is é CO₂ an gás is coitianta de na sé ghás ceaptha teasa atá luaite i bPrótacal Kyoto agus is é is cúis leis an gcuid is mó ar fad de ná gáis ceaptha teasa a astaítear ó dhóchán breoslaí iontaise¹¹.

- 9 Sampla: dá mba 200 tCO₂ CO₂ iontaise eagraíochta ag an mbonnlíne don eagraíocht sin, an spríoc don CO₂ iontaise a bheadh ag an eagraíocht sin ná 98 tCO₂ (200 lúide 51%). Dá mba 100 tCO₂ CO₂ leictreachais na heagraíochta ag an mbonnlíne, an CO₂ iomlán a bheadh ann ag an mbonnlíne ná 300 tCO₂ (200 + 100 = 300). Faoi láthair, glactar leis go ndéanfar líonra leictreachais na hÉireann a dhíchárbónú 79% idir na blianta 2016-2018 (ar an meán) agus 2030. Bunaithe ar an méid sin, i dtaca leis an ídiú leictreachais ba chúis le 100 tCO₂ den CO₂ leictreachais ag an mbonnlíne, bheifí ag súil le go mbeadh an méid céanna sin ina chúis le 21 tCO₂ de faoi 2030 (100 x (1 - 79%)). Tá an luach 79% sin bunaithe ar shonraí réamh-mheasta de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann arb in atá taobh thiar de dheireadh a chur le breoslaí iontaise sa ghiniúint cumhachta sa tréimhse. Déanfar an luach seo a leasú in imeacht ama. An spríoc a bheadh ag an eagraíocht le haghaidh CO₂ iomlán mar sin ná 119 tCO₂. Leis sin a ríomh, cuirtear an méid seo ón CO₂ leictreachais leis an spríoc le haghaidh CO₂ iontaise (98 + 21 = 119).
- 10 Tá tuilleadh eolais faoin modheolaíocht le haghaidh na spríocanna chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú sa vicí cabhrach faireacháin agus tuairiscithe ar <https://seai-psmr2030-wiki-app.azurewebsites.net/en/Public-bodies/Methodology/2030-GHG-targets>.
- 11 Is iad na sé ghás ceaptha teasa atá ainmnithe i bPrótacal Kyoto ná dé-ocsaíd charbóin (CO₂), meatán (CH₄), ocsaíd nítríúil (N₂O), hidrea-fluaracarbón (HFC), sárfluaracarbón (PFC) agus heicseafluairíd sulfair (SF₆). Déantar CO₂, meatán agus ocsaíd nítríúil ar fad a astú nuair a dhéantar breoslaí iontaise a úsáid (a dhó). Imríonn gáis ceaptha teasa éagsúla cineálacha difriúla tionchair ar théamh an Domhain. Is é atá sa CO₂eq (coibhéis dé-ocsaíde carbóin) modh a úsáidtear chun na hastaíochtaí ó gháis ceaptha teasa éagsúla a ríomh agus chun comparáid a dhéanamh eatarthu bunaithe ar a gcumas ó thaobh téamh domhanda de. Meastar in Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann go n-úsáidfeadh fachtóirí astaíochta CO₂eq i gcreat faireacháin agus tuairiscithe na heagraíochta amach anseo.

Fíor 2: Dul chun cinn i dtreo sprioc 2030 do CO₂ iontaise



2.1.1 Sprioc le haghaidh CO₂ iontaise

Léirítear in Fíor 2 astaíochtaí iarbhí CO₂ iontaise ón earnáil phoiblí ó thús thréimhse na bonnlíne do na spriocanna (2016) ó thaobh astaíochtaí de, idir astaíochtaí teirmeacha agus astaíochtaí iompair. Léirítear sa chart freisin an bhonnlíne astaíochtaí CO₂ iontaise a ríomhtar don earnáil, arb ionann í agus 994 ktCO₂. Ar an mbonn sin, ní mór don earnáil phoiblí astaíochtaí CO₂ iontaise na hearnála a laghdú 508 ktCO₂ ón mbonnlíne chun an sprioc do 2030 a bhaint amach, is é sin 487 ktCO₂¹².

Tuigtear ó na sonraí a tuairiscíodh do 2024 nach bhfuiltear ar an gconair san earnáil leis an sprioc seo a bhaint amach. Dá mbeifí ar chonair sheasta laghdaithe astaíochtaí san earnáil idir tréimhse bhonnlíne na n-astaíochtaí agus 2030, bheadh an CO₂ iontaise laghdaithe 25% faoi 2024. Ina ionad sin, faoi 2024, ní raibh ach laghdú 6.7%, nó laghdú 66 ktCO₂, tagtha ar CO₂ iontaise na hearnála, sin laghdú ón mbonnlíne go 928 ktCO₂. D'fhág sé sin go raibh bearna 443 ktCO₂, nó 44.4 pointe céatadáin, fós ann leis an sprioc do 2030 a bhaint amach.

Má táthar leis an sprioc a bhaint amach, ní mór tosú ó 928 ktCO₂ (leibhéal 2024) agus 7.9% de laghdú **sa bhliain** a bhaint amach ar an leibhéal astaíochtaí CO₂ iontaise idir 2025 agus 2030.


Tá dáileachán fheidhmíocht gach comhlachta poiblí i dtaca leis an sprioc le haghaidh CO₂ iontaise le feiceáil in i bhFíor 3.. De réir na sonraí atá tuairiscithe, bhí a sprioc do 2030 bainte amach cheana féin faoi 2024 ag 23 comhlacht den 346 comhlacht poiblí¹³ agus bhí 65 comhlacht eile ar an gconair cheart a léireodh go mbainfeadh an sprioc amach. Bhí 36 comhlacht poiblí eile ann nach raibh aon astaíochtaí CO₂ iontaise acu ag a mbonnlíne acu in 2024¹⁴. Tá dath glas ar na trí chohórt comhlachtaí poiblí seo in i bhFíor 3.. Bhí a CO₂ iontaise laghdaithe ag 110 comhlacht poiblí eile ó bhí a mbonnlíne ann ach nach raibh ar an gconair cheart fós lena sprioc a bhaint amach. Bhí méadú tagtha ar CO₂ iontaise 112 comhlacht poiblí ó bhí a mbonnlíne ann. Tá dath dearg orthu seo i bhFíor 3.

12 Tá an ríomh bonnlíne agus sprice seo bunaithe ar na sonraí a tuairiscíodh do SEAI le linn thimthriall tuairiscithe 2024. Déantar na luachanna ríofa a bheachtú de réir mar a bheidh sonraí níos fearr ar fáil.

13 Ní thaispeántar astaíochtaí scoileanna sa chart seo.

14 De ghnáth is eagraíochtaí oifigbhunaithe beaga iad seo nach n-úsáideann leictreachas ach le haghaidh téimh, srl.

Fíor 3: Sprioc le haghaidh CO₂ iontaise – dáileadh dul chun cinn comhlachtaí poiblí go dtí an sprioc do 2030




2.1.2 Sprioc iomlán CO₂

Is é atá sa sprioc don CO₂ iomlán ná sprioc thánaisteach laghdaithe astaíochtaí ina gcuimsítear astaíochtaí leictreachais chomh maith le hastaíochtaí iontaise. Léirítear i Fíor 4 na hastaíochtaí iomlána CO₂ iarbhír ó bhí 2016 ann, arna mbriseadh síos de réir astaíochtaí leictreachais, teirmeacha agus iompair. Baineann an laghdú ar iomlán CO₂ go príomha le dícharbónú sholáthar leictreachais na hÉireann, i.e. mar gheall go bhfuil an córas leictreachais tar éis éirí 'níos glaine' sa tréimhse idir an bhonnlíne agus 2024.

Is é 2,076 ktCO₂ an bhonnlíne iomlán astaíochtaí CO₂ a ríomhtar don earnáil. Ar an mbonn sin, ní mór don earnáil phoiblí a hastaíochtaí iomlána a laghdú 1,357 ktCO₂, nó thart ar 65%¹⁵, ón leibhéal bonnlíne chun a sprioc iomlán CO₂ de 719 ktCO₂ a bhaint amach faoi 2030. Faoi 2024, tháinig laghdú 531 ktCO₂ ar astaíochtaí iomlána na hearnála ón mbonnlíne – laghdú 25.6%.

Fíor 4: Dul chun cinn i dtreo sprioc 2030 don CO₂ iomlán



¹⁵ Is ionann seo agus an laghdú comhiomlán céatadán don earnáil phoiblí ar fad. Braitheann an laghdú céatadán a theastaíonn ó gach eagraíocht san earnáil phoiblí chun a sprioc iomlán CO₂ a bhaint amach ar a húsáid fuinnimh ag an mbonnlíne gás ceaptha teasa. Tá ríomhanna bonnlíne agus sprice gach eagraíochta ar fáil tríd an gcóras M&R.


2.2 Sprioc éifeachtúlachta fuinnimh

40%¹⁶ an feabhas iomlán ar éifeachtúlacht fuinnimh in 2024 sna comhlachtaí poiblí agus sna scoileanna araon a chuir tuarascálacha iomlána isteach. Is é seo an príomhtháscaire a úsáidtear chun feidhmíocht na hearnála a rianú i gcomparáid leis an sprioc éifeachtúlachta fuinnimh '50 % faoi 2030'.

Sa ghraf in Fíor 5, déantar na hathruithe ar an bhfeidhmíocht fuinnimh san earnáil a rianú ó bhí bonnlíne feidhmíochta fuinnimh 2009 ann. Leis sin, úsáidtear táscaire feidhmíochta fuinnimh comhiomláin don earnáil¹⁷. Léirítear ann gur dul chun cinn ar an toradh do 2023 atá sa toradh do 2024 agus go bhfuiltear ar chonair san earnáil a thabharfadh le fios go mbainfeadh an sprioc seo amach.

40% an feabhas iomlán ar éifeachtúlacht fuinnimh in 2024 sna comhlachtaí poiblí agus sna scoileanna araon a chuir tuarascálacha iomlána isteach, is é sin 40%

Fíor 5: Dul chun cinn i dtreo sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 2030



16 Cuimsíonn ríomh na dtorthaí seo coigeartuithe ar ídiú gnó mar is gnách údarás áitiúla, ag cur san áireamh aistriú na seirbhísí uisce chuig Uisce Éireann.

17 Is bealach é EnPI chun feidhmíocht fuinnimh eagraíochta a thomhas. An tslí a ríomhtar é ná go ndéantar ídiú fuinnimh a roinnt ar mhéadracht gníomhaíochta. Má éiríonn an táscaire feidhmíochta fuinnimh comhiomláin níos ísle, cuireann sé sin in iúl go bhfuil an éifeachtúlacht fuinnimh ag éirí níos fearr. Is fíor a mhalairt, leis.


2.3 Tionchar tionscadal beartaithe

Tá sonraí tuairiscithe ag comhlachtaí poiblí agus scoileanna maidir le 1,110 tionscadal fuinnimh a bhfuil sé beartaithe iad a chur i bhfeidhm sna blianta 2025-2030¹⁸. Má chuirtear i bhfeidhm na tionscadail seo de réir na n-amlínte tuairiscithe agus mura dtagann aon athrú eile ar leibhéil ídithe fuinnimh, d'fhéadfaidís an t-ídiú fuinnimh deiridh san earnáil a laghdú 4% agus CO₂ iontaise a laghdú 7% faoi 2030, na céatadán sin de réir leibhéil 2024.

Déantar an tionchar teoranta a d'fhéadfadh na tionscadail bheartaithe seo a imirt chun an bhearna a dhruim leis an sprioc don CO₂ iontaise a bhaint amach a léiriú trí mheán na mbarraí liatha inFíor 6, ina

léirítear cás go 2030¹⁹ leis na tionscadail atá beartaithe san áireamh ann. I dteannta a chéile, d'fhéadfadh na tionscadail seo CO₂ iontaise a laghdú 66 ktCO₂ eile faoi 2030. Dá réir, bhainfí 7% eile de dhul chun cinn amach i dtreo na sprice don CO₂ iontaise agus dhéanfaí astaíochtaí 2030 a laghdú go 862 ktCO₂. Mar sin féin, bheadh bearna 374 ktCO₂ fós le líonadh dá mbeifí leis an sprioc a bhaint amach faoi 2030, arbh ionann é sin agus 38% den bhonnlíne. Má chuirtear i bhfeidhm faoi 2030 na tionscadail bheartaithe ar fad atá tuairiscithe, ní bhainfí amach ach 13 pointe céatadán de sprioc 51% na hearnála.

Fíor 6: An tionchar ó thionscadail bheartaithe ar an dul chun cinn go dtí an sprioc do CO₂ iontaise




18 Is é is tionscadal beartaithe ann tionscadal a bhfuil sé beartaithe ag eagraíocht é a chur i bhfeidhm i mbliain faoi leith amach anseo. Má dhéanann eagraíocht tionscadal beartaithe a thuairisciú, is léiriú é sin go bhfuil sé i gceist ag an eagraíocht é a chur i ngníomh. Iarrtar chomh maith ar gach eagraíocht tionscadail shealadacha agus deiseanna féideartha ó thaobh tionscadal de a thuairisciú. Is tionscadail iad seo a mbeadh an eagraíocht rud beag éiginnte maidir lena gcur i ngníomh agus b'fhéidir nach mbeadh an oiread sin sonraí acu maidir le coigilteas réamh-mheasta ná amlínte.

19 Sa chás le tionscadail bheartaithe ann, cuirtear san áireamh tionchair amach anseo ar ídiú fuinnimh agus astaíochtaí CO₂ de thoradh ar fheidhmiú an 1,110 tionscadal beartaithe fuinnimh atá tuairiscithe don SEAI ag eagraíochtaí san earnáil poiblí. Cuirtear na toimhdí seo a leanas san áireamh sa chás le tionscadail bheartaithe ann: (1) fanfaidís an t-ídiú fuinnimh deiridh 'gnó mar is gnách' ar leibhéal seasta idir 2024 agus 2030; (2) ní thiocfaidís aon athruithe ar an ídiú fuinnimh deiridh thar an tréimhse seo ach amháin de thoradh ar fheidhmiú an 1,110 tionscadal beartaithe, i gcomhréir le dátaí a bhfeidhmithe atá tuairiscithe don SEAI; (3) thiocfaidís athrú ar fhachtóirí astaíochtaí i gcomhréir le tuartha SEAI go 2030. Cuimsíonn na réamhaisnéisí seo roinnt athróg agus bonn tuisceana, agus déantar iad a bheachtú go tráthrialta.

Má chuirtear san áireamh fosta na héifeachtaí as tionscadail shealadacha agus deiseanna féideartha tionscadal a bhfuil sé tuairiscithe fúthu go mbeartaítear iad a chur i bhfeidhm faoi 2030, d'fhéadfaí laghdú breise 4 pointe céatadáin a bhaint amach faoi 2030 san earnáil. D'fhágfadh sé sin go dtabharfaí astaíochtaí CO₂ iontaise in 2030 go leibhéal a bheadh 17% ní b'ísle ná an bhonnlíne agus 34 pointe céatadáin fós ann leis an sprioc a bhaint amach. Ar a bharr sin, b'fhéidir go mbeadh tionscadail bhreise ag comhlachtaí poiblí a mbeadh sé i gceist acu iad a chur i bhfeidhm sa dara leath den tréimhse deich mbliana seo ach nár tuairiscíodh go dtí seo ar an gcóras faireacháin agus tuairiscithe.

Léirítear in Fíor 7 na bealaí nár leor na tionscadail bheartaithe chun an sprioc le haghaidh CO₂ iomlán a bhaint amach. Dá gcuirfí na tionscadail ar fad i bhfeidhm, d'fhéadfaí an bhearna reatha chuig an sprioc seo, 826 ktCO₂, a laghdú chomh fada le 355 ktCO₂, an méid sin nuair a chuirtear san áireamh an t-ionchur measta ó dhícharbónú ó thaobh an leictreachais de.


Fíor 7: An tionchar ó thionscadail bheartaithe ar an dul chun cinn go dtí an sprioc don CO₂ iomlán



2.4 Grúpaí rannacha


Fíor 8 an sciar den ídiú fuinnimh deiridh in 2024 bunaithe ar an gcountas a thug na trí ghrúpa rannacha is mó (de réir ídiú fuinnimh). Tá naoi gcinn de grúpaí rannacha eile ann ba chúis, i dteannta a chéile, le 2% den ídiú fuinnimh san earnáil phoiblí in 2024. Tugtar ídiú fuinnimh na ngrúpaí rannacha ar fad in Iarscríbhinn B.

Fíor 8: An sciar d'ídiú fuinnimh deiridh 2024 de réir grúpa rannach




Fíor 9 an staid in 2024 i ngach grúpa rannach á léiriú i gcomhthéacs na spriocanna do 2030 ó thaobh laghdú ar astaíochtaí agus éifeachtúlacht fuinnimh de. I gcomhthéacs gach ceann de na trí sprioc, cuireann an dath glas in iúl go bhfuil an grúpa sin ar chonair a bheadh ag teacht leis an sprioc a bhaint amach agus cuireann an dath dearg a mhalairt in iúl. Cuirtear sonraí mionsonraithe breise ar fáil do na grúpaí roinne i bhformáid tábla in larscríbhinn B.

Fíor 9: Feidhmíocht na ngrúpaí roinne i gcomparáid le spriocanna 2030



Fíor 9: Feidhmíocht na ngrúpaí roinne i gcomparáid le spriocanna 2030 (ar lean)



3 Ídiú fuinnimh agus astaíochtaí CO₂ atá bainteach le fuinneamh

3.1 Fuinneamh agus astaíochtaí 2024 de réir an mhodha

Rinneadh 7,105 GWh d'fhuinneamh deiridh a ídiú san earnáil phoiblí in 2024, rud ba chúis le 1,545 ktCO₂ d'astaíochtaí CO₂ ag baint le fuinneamh, a chuimsigh 928 ktCO₂ d'astaíochtaí a tháinig go díreach ó bhreoslaí iontaise. B'ionann an t-ídiú fuinnimh deiridh seo agus 9,565 GWh d'úsáid fuinnimh príomhúil.

Nóta maidir le fuinneamh deiridh, fuinneamh príomhúil agus astaíochtaí CO₂



Is éard is **ídiú deiridh fuinnimh** nó ídiú críochnaitheach iomlán ann ná an fuinneamh a úsáideann eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus earnálacha ídithe deiridh eile den gheilleagar, e.g. sna hearnálacha tionsclaíochta, iompair, cónaithe, srl. Ní áirítear ann an fuinneamh a úsáidtear in earnáil an fhuinnimh, e.g. le haghaidh giniúint leictreachais, scagadh ola, srl.




Is ionann **fuinneamh príomha** nó riachtanas iomlán an fhuinnimh phríomha agus fuinneamh a ídítear agus/nó a chailltear i bpróisis claochlaithe, tarchurtha agus dáilte. Ríomhtar é seo trí fhachtóirí tiontaithe fuinnimh phríomha a chur i bhfeidhm ar luachanna deiridh ídithe fuinnimh, fachtóirí a athraíonn ag brath ar an gcineál breosla atá i gceist. Úsáidtear fuinneamh príomhúil chun an sprioc do 2030 ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh de a rianú.

I dTábla 1 agus i bhFíoracha 10-12, tugtar miondealú ardleibhéil ar ídiú fuinnimh deiridh, fuinneamh príomhúil agus astaíochtaí CO₂ – an méid sin leagtha amach de réir fuinneamh teirmeach a úsáideadh le haghaidh téimh, breoslaí iompair agus leictreachais.

Tábla 1: Fuinneamh agus CO₂ in 2024 de réir modha

Modh	Ídiú fuinnimh deiridh GWh	Ídiú fuinnimh príomha GWh	Iomlán CO ₂ a bhaineann le fuinneamh ktCO ₂
Teirmeach	2,777	3,204	449
Breoslaí iompair	1,969	2,166	479
Leictreachas	2,358	4,195	617
Líon iomlán	7,105	9,565	1,545

Fíor 10: Ídiú fuinnimh deiridh in 2024 de réir an mhodha




- Iontaise theirmeach – 29%
- Foinsí in-athnuaite teirmeacha – 10%
- Iontaise iompair – 26%
- Fuinneamh in-athnuaite iompair – 2%
- Leictreachas – 33%


Fuinneamh in-athnuaite ba chúis le 8% den ídiú iompair (arbh ionann sin agus 2% den ídiú iomlán) agus le 25% den ídiú fuinnimh theirmigh (arbh ionann sin agus 10% den ídiú iomlán); dhá chomhlacht phoiblí mhóra ba chúis le 95% den ídiú fuinnimh theirmigh²⁰.

Sna sonraí a chuirtear i láthair in Fíor 12, léirítear an tslí a raibh fuinneamh teirmeach agus breoslaí iompair ina gcúis le leibhéal astaíochtaí CO₂ den chineál céanna in 2024 agus, mar sin, arbh iad siúd ba chúis le thart ar an leathchuid d'astaíochtaí CO₂ ón earnáil phoiblí an ceann.

Fíor 11: Fuinneamh príomhúil 2024 de réir an mhodha



Fíor 12: CO₂ ag baint le fuinneamh in 2024 de réir modha



3.2 Fuinneamh agus astaíochtaí 2024 de réir cineál fuinnimh

Tá miondealú i dTábla 2 ar an ídiú fuinnimh deiridh in 2024 agus ar astaíochtaí CO₂ de réir cineál fuinnimh. Tá na miondealuithe seo á léiriú chomh maith in Fíor 13 agus Tugtar i bhFíor 14


Leictreachas ba chúis le haon trian den ídiú fuinnimh deiridh in 2024 (Fíor 13) ach le 40% d'astaíochtaí CO₂(Fíor 14). An chúis a bhí leis sin ná ar an ábhar go raibh an líon astaíochtaí CO₂ an t-aonad fuinnimh deiridh ní b'airde go comhréireach i gcás leictreachais ná mar a bhí i gcás cineálacha eile fuinnimh (i gcomhiomlán). Is amhlaidh atá an scéal i gcás an

leictreachais le blianta fada anuas. Mar sin féin, tá déine CO₂ an leictreachais ag dul i laghad go ginearálta ó dheireadh na 1990idí i leith agus meastar go leanfaidh an treocht seo ar aghaidh de réir mar a dhéantar an córas leictreachais a dhíchárbónú in Éirinn chun na spriocanna aeráide do 2030 agus feasta a bhaint amach. Bhí an fuinneamh príomhúil a theastaigh chun aonad d'ídiú leictreachais deiridh a sholáthar, ar an meán, ní b'airde go comhréireach ná i gcás cineálacha eile fuinnimh (i gcomhiomlán). Is mar sin gurbh é an leictreachas ba chúis le 44% den úsáid fuinnimh phríomhúil in 2024, mar a léirítear in Tugtar i bhFíor 10.


Tábla 2: Fuinneamh agus CO₂ in 2024 de réir cineál fuinnimh

Cineál fuinnimh	Ídiú fuinnimh deiridh GWh	CO ₂ iontaise ktCO ₂	Iomlán CO ₂ a bhaineann le fuinneamh ktCO ₂
Gás nádúrtha	1,585	325	325
Olaí téimh	388	101	101
GPL	100	23	23
Breoslaí iontaise soladacha	0	0	0
Bithleachta	110	0	0
Bithmhais sholadach	589	0	0
Téamh ceantair	4	0	0
Foinsí in-athnuaite teirmeacha eile	0	0	0
Díosal marcáilte (neamhtheirmeach)	586	155	155
Breoslaí iompair (breoslaí iontaise)	1,230	324	324
Breoslaí iompair (bithbhreoslaí)	153	0	0
Leictreachas	2,358	0	617
Líon iomlán	7,105	928	1,545

Fíor 13: Ídiú fuinnimh deiridh in 2024 de réir cineál fuinnimh²¹



Fíor 14: CO₂ iomlán 2024 de réir cineál fuinnimh²²



21 Ní léirítear téamh ceantair (0.06%), athnuaiteáin theirmeacha eile (0.01%) ná breoslaí iontaise soladacha (<0.01%) sa chart seo.

22 Ní léirítear téamh ceantair (0.02%) ná breoslaí iontaise soladacha (<0.01%) sa chart seo.

Fíor 15 agus Fíor 16 a léiríonn sonraí den chineál céanna a chuirtear i láthair in Fíor 13 agus Fíor 14 faoi seach, ach amháin go bhfuil na cineálacha fuinnimh bailithe le chéile i ngrúpaí breosla ardleibhéil, mar shampla, á gcur le chéile faoi 'ola' tá olaí téimh, díosal agus breoslaí eile iompair atá bunaithe ar pheitriiliam.


Léirítear sna sonraí go bhfuiltear ag brath ar ola go fóill san earnáil d'aon trian den fhuinneamh san earnáil, i.e. táirgí ola le haghaidh iompair agus téimh ba chúis le 33% den ídiú fuinnimh deiridh in 2024, rud ba chúis le 39% d'astaíochtaí CO₂ san earnáil. Gás nádúrtha ba chúis le sciartha den chineál céanna san ídiú (22%) agus sna hastaíochtaí (21%) in 2024. An chúis atá ann leis an éagsúlacht idir sciar na hola den ídiú agus sciar na hola

de na hastaíochtaí ná gur cúis le níos mó astaíochtaí an t-aonad fuinnimh ná gás nádúrtha iad díosal, gás-ola agus ola théite.


An t-ídiú bithfhuinnimh le haghaidh teasa agus iompair ba chúis le 12% den ídiú fuinnimh deiridh in 2024, ach ós rud é nach n-eascaíonn astaíochtaí CO₂ as a n-úsáid, níorbh iad ba chúis le haon chuid de na hastaíochtaí a léirítear in Tugtar i bhFíor 16.

Léirítear in Fíor 16 gurbh iad breoslaí bunaithe ar ola ba chúis le beagnach an dá oiread na ba mhó CO₂ iontaise in 2024 ná ídiú gáis nádúrtha agus, dá réir, gurbh iad na breoslaí sin ba chúis le timpeall dhá thrían den CO₂ iontaise ón earnáil poiblí.

Fíor 15: Ídiú fuinnimh deiridh in 2024 de réir grúpa breosla²³



Fíor 16: CO₂ iomlán 2024 de réir grúpa breosla²⁴



23 Ní léirítear athnuaiteáin eile (0.07%) ná gual agus móin (<0.01%) sa chart seo.


24 Ní léirítear gual agus móin (<0.01%) sa chart seo.

Fíor 17 a léiríonn an méid a chuir fuinneamh in-athnuaite, breoslaí iontaise agus leictreachas eangaí leis an bhfuinneamh iomlán san earnáil phoiblí in 2024:

- Is ó bhreoslaí iontaise a bhí 55% den ídiú fuinnimh san earnáil in 2024, ó leictreachas 32% de agus ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh 13% de.

- Bithfhuinneamh a bhí sa chuid is mó den fhuinneamh in-athnuaite a ídíodh (12 pointe céatadáin, mar a léirítear in Fíor 15)). Bhí méid i bhfad ní ba lú ná sin i gceist i gcás cineálacha eile fuinnimh in-athnuaite, cuir i gcás giniúint leictreachais in-athnuaite ar an láthair, mar shampla grianfhuinneamh fótavoltach dín.

Fíor 17: fuinneamh deiridh 2024 – ionchur ó bhreoslaí iontaise agus fuinneamh in-athnuaite



3.3 Fuinneamh agus astaíochtaí 2024 de réir úsáid deiridh

Tá miondealuithe breise ar ídiú fuinnimh deiridh agus ar astaíochtaí CO₂ in 2024 i dTábla 3. Léirítear na miondealuithe ar ídiú fuinnimh deiridh, CO₂ iontaise agus CO₂ iomlán ag baint le fuinneamh de réir úsáid deiridh in Fíor 18, Fíor 19 agus Fíor 20 faoi seach. Á gcur san áireamh sa dí-chomhiomlánú seo maidir le hídiú agus astaíochtaí fuinnimh tá toimhdí áirithe maidir le húsáid deiridh i gcás cuid de na sonraí faoi ídiú fuinnimh a thuairiscigh comhlachtaí poiblí agus scoileanna²⁵ d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

San iomlán, foirgnimh ba chúis le 46-48% den fhuinneamh a ídíodh²⁶, idir 45-46% den CO₂ iontaise agus idir 49-51% de CO₂ iomlán ag baint le fuinneamh. Seirbhísí uisce ba chúis le 10% den ídiú fuinnimh, próisis tionsclaíochta agus speisialaithe le 11% de agus soilsiú poiblí le 2% de. Seirbhísí iompair phoiblí de bhóthar agus d'iarnród ba chúis le 8% an ceann den ídiú fuinnimh, iompar eile de bhóthar ba chúis le 10% de agus ídíodh 3% de in iompar, gléasra agus innealra.


Tábla 3: Fuinneamh agus CO₂ in 2024 de réir úsáid deiridh fuinnimh

Anailís de réir úsáide	Ídiú fuinnimh deiridh GWh	CO ₂ iontaise GWh	Iomlán CO ₂ a bhaineann le fuinneamh ktCO ₂
Foirgnimh oifige	503	51	118
Foirgnimh cúraim sláinte	1,202	179	278
Foirgnimh oideachais	952	123	222
Foirgnimh eile	603	62	139
Soilsiú poiblí	164	0	43
Seirbhísí uisce	694	12	151
Próisis thionsclaíochta & feidhmeanna speisialaithe	788	14	57
Eile & anaithnid	130	6	32
Iompar d'iarnród	558	124	147
Iompar de mhuir	66	17	17
Aeriompar	38	10	10
Gléasra agus innealra	118	31	31
Iompar ar bóthar – seirbhísí iompair phoiblí	600	148	148
Iompar ar bóthar – eile	691	151	151
Líon iomlán	7,105	928	1,545

25 Ní cheanglaítear ar chomhlachtaí poiblí ná ar scoileanna anailís chuimsitheach ar ídiú fuinnimh de réir úsáid deiridh a chur ar fáil ina dtuarascálacha. Dá bhrí sin, ní féidir anailís chinntitheach maidir le húsáid deiridh a ríomh go díreach ó na sonraí tuairiscithe. Tá an briseadh síos a chuirtear ar fáil i dTábla 3 agus i Fíor 18, Fíor 19 & Fíor 20 bunaithe ar aicmiú méadair leictreachais agus gáis a thuairiscíonn eagraíochtaí ag úsáid modheolaíocht chionroinnte úsáid deiridh fuinnimh, ina chuimsítear toimhdí bunaithe ar phatrúin aitheanta úsáide deiridh fuinnimh d'fho-earnálacha agus do chineálacha fuinnimh ar leith.


26 I dteannta a chéile, is iad na ceithre chatagóir d'fhoirgnimh atá le feiceáil i dTábla 3 agus sna fíoracha comhfhreagracha ba chúis le 46% den ídiú. Cuireadh sciar anaithnid den úsáid téimh agus leictreachais a rangaítear thuas mar 'eile & anaithnid' (arb ionann é agus 2% sa bhreis) san áireamh leis figiúirí do na foirgnimh sin freisin. Tá tuilleadh sonraí i gCaibidil 5 ar fhoirgnimh san earnáil phoiblí.

Fíor 18: Ídiú fuinnimh deiridh in 2024 de réir úsáid deiridh




- Foirgnimh oifige – 7%
- Foirgnimh cúraim sláinte – 17%
- Foirgnimh oideachais – 13%
- Foirgnimh eile – 8%
- Soilsiú poiblí – 2%
- Seirbhísí uisce – 10%
- Próisis thionsclaíocha & feidhmeanna speisialaithe – 11%
- Eile & anaithnid – 2%
- Iompar d'iaránróid – 8%
- Iompar de mhuir – 1%
- Aeriompar – 1%
- Gléasra agus innealra – 2%
- Iompar ar bóthar (seirbhísí iompair poiblí) – 8%
- Iompar ar bóthar (eile) – 10%

Fíor 19: CO₂ iontaise 2024 de réir úsáid deiridh



- Foirgnimh oifige – 6%
- Foirgnimh cúraim sláinte – 19%
- Foirgnimh oideachais – 13%
- Foirgnimh eile – 7%
- Soilsiú poiblí – 1%
- Seirbhísí uisce – 1%
- Próisis thionsclaíocha & feidhmeanna speisialaithe – 1%
- Eile & anaithnid – 1%
- Iompar d'iaránróid – 13%
- Iompar de mhuir – 2%
- Aeriompar – 1%
- Gléasra agus innealra – 3%
- Iompar ar bóthar (seirbhísí iompair poiblí) – 16%
- Iompar ar bóthar (eile) – 16%

Fíor 20: CO₂ iomlán 2024 de réir úsáid deiridh



- Foirgnimh oifige – 8%
- Foirgnimh cúraim sláinte – 18%
- Foirgnimh oideachais – 14%
- Foirgnimh eile – 9%
- Soilsiú poiblí – 3%
- Seirbhísí uisce – 10%
- Próisis thionsclaíocha & feidhmeanna speisialaithe – 4%
- Eile & anaithnid – 2%
- Iompar d'iaránróid – 10%
- Iompar de mhuir – 1%
- Aeriompar – 1%
- Gléasra agus innealra – 2%
- Iompar ar bóthar (seirbhísí iompair poiblí) – 10%
- Iompar ar bóthar (eile) – 10%

3.4 Úsáideoirí móra fuinnimh

Is líon réasúnta beag úsáideoirí an-mhór fuinnimh a úsáideann i bhfad Éireann níos mó fuinnimh ná úsáideoirí eile san earnáil poiblí:


- I dteannta a chéile, d'úsáid na deich n-úsáideoir ba mhó fuinnimh 4,016 GWh d'fhuinneamh deiridh in 2024. B'ionann an méid sin agus 56% den ídiú iomlán a tuairiscíodh san earnáil iomlán.
- Is iad Coillte, Uisce Éireann agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) na trí úsáideoir is mó fuinnimh san earnáil. In 2024, ba chúis le timpeall 11% den ídiú fuinnimh san earnáil poiblí gach ceann acu.
- Coillte ba chúis le haon chúigiú den ídiú fuinnimh theirmigh san earnáil poiblí, méid a chuimsigh 95% den ídiú tuairiscithe de bhithmhais sholadach agus dhá thrían den ídiú bithfhuinnimh.
- Uisce Éireann ba chúis le beagnach an ceathrú cuid den ídiú leictreachais san earnáil poiblí.
- FSS ba chúis le 18% den fhuinneamh teirmeach, an cúigiú cuid den ídiú iomlán gáis nádúrtha agus 23% den ídiú fuinnimh i bhfoirgnimh.
- I dteannta a chéile, is iad na comhlachtaí poiblí i nGrúpa CIÉ²⁷ ba chúis le 16% den ídiú iomlán fuinnimh, méid a chuimsigh 53% den ídiú iompair.
- Na ceithre úsáideoir ba mhó táirgí ola (breoslaí iompair agus olaí téite) a bhí san earnáil ná Bus Éireann, Bus Átha Cliath, FSS agus Iarnród Éireann. Is iad na comhlachtaí sin i dteannta a chéile ba chúis le 53% den ídiú ola.
- D'ídigh an 100 tomhaltóir fuinnimh is mó a thuiriscigh 91% den iomlán a tuairiscíodh.

Léirítear in Fíor 21 sciar na 10 n-úsáideoir agus astaíre ba mhó a bhí ann, leagtha amach faoi fho-iomláin éagsúla fuinnimh agus CO₂, ón úsáideoir ba mhó go dtí an deichiú húsáideoir ba mhó (bun go barr)²⁸.

27 Déanann Grúpa CIÉ sonraí a thuirisciú mar cheithre chomhlacht poiblí éagsúla: Bus Éireann, Bus Átha Cliath, Iarnród Éireann agus Grúpa CIÉ.

28 San iomlán, tá 20 comhlacht poiblí éagsúil ar fad sna '10 gcinn is airde' sna sé chohórt. Níl ach Coillte agus FSS i ngach ceann de na sé chohórt sin. Úsáidtear an dath céanna don astaíre is mó i ngach ceann de na sé chohórt agus ansin an dath céanna don dara ceann is mó, don tríú ceann is mó agus dá réir sin, ach is eagraíochtaí difriúla a bhfuil an stádas sin acu sna chohórt éagsúla. Úsáidtear an dath céanna, mar shampla, leis na húsáideoirí ba mhó a léiriú i gcás fuinneamh teirmeach agus fuinneamh iompair, ach ní na heagraíochtaí céanna iad.

Fíor 21: Sciar den ídiú fuinnimh deiridh agus CO₂ de réir mar a thug na 10 gcomhlacht phoiblí is mó cuntas air sin




3.5 Fuinneamh agus astaíochtaí le himeacht ama


Níl aon athrú suntasach tagtha ar an ídiú fuinnimh deiridh san earnáil phoiblí le deich mbliana anuas, mar atá léirithe in Tugtar i bhFíor 22. Tháinig ísliú 6% ar an ídiú fuinnimh 2020. An chúis a bhí leis sin, den chuid is mó, ná na srianta a bhí i bhfeidhm de dheasca phaindéim COVID-19²⁹. Ina dhiaidh sin, bhí iompú 3% in 2021, agus tá athrú $\pm 2\%$ ar an ídiú deiridh sna blianta ó shin. Bhí an t-ídiú deiridh in 2024 díreach 1% ní ba lú ná mar a tuairiscíodh do 2014 agus 0.4% ní ba lú ná mar a tuairiscíodh do 2021.

Tá laghdú níos suntasaí tagtha ar úsáid fuinnimh phríomhúil ó 2014 (-9%) mar a léirítear in i bhFíor 23.. Tháinig an laghdú níos mó sin, i gcomparáid leis an laghdú ar ídiú fuinnimh deiridh, de thoradh ar athruithe ar an gcóras leictreachais in Éirinn ó thaobh an tsoláthair de, i.e. de thoradh ar ionchur méadaithe ón bhfuinneamh gaoithe, an deireadh de réir a chéile le gineadóirí ola agus guail a bheadh ní ba shine agus nach mbeadh chomh héifeachtúil céanna, agus feabhsuithe eile in éifeachtúlacht an tsoláthair leictreachais.

Fíor 22: Fuinneamh deiridh 2014-2024



Fíor 23: Fuinneamh príomhúil 2014-2024





29 Cé gur tháinig laghduithe ar úsáid fuinnimh i bhformhór na gcomhlachtaí poiblí de bharr COVID-19, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go ndeachaigh an phaindéim i bhfeidhm ar na príomhspreagthaí a bhaineann le húsáid fuinnimh ar bhealaí éagsúla in eagraíochtaí éagsúla.

Tá na hathruithe ar astaíochtaí CO₂ ag baint le fuinneamh le himeacht ama á gcur i láthair in Tugtar i bhFíor 24. Tá laghdú 30% tagtha ar an CO₂ iomlán bainteach le fuinneamh sa tréimhse atá léirithe, ach tháinig sciar suntasach den laghdú sin chun cinn de thoradh ar athruithe ó thaobh an tsoláthair de ar

an gcóras leictreachais in Éirinn, i.e. toisc gur tháinig laghdú beagnach 50% ar dhéine carbóin an tsoláthair leictreachais sa tréimhse atá léirithe ann. Níor tháinig ach laghdú 3% ar CO₂ iontaise ó thús na tréimhse atá á léiriú.

Fíor 24: CO₂ ag baint le fuinneamh sa tréimhse 2014-2024




Tá an méid atá astaíochtaí CO₂ scartha leis an ídiú fuinnimh deiridh san earnáil ó 2014 le feiceáil in Fíor 25 – léiríonn na línte gan briseadh iontu an t-athrú céatadán ar an ídiú ó bhí 2014 ann agus léiríonn na línte briste an t-athrú céatadán ar astaíochtaí CO₂ gaolmhara. Is iad na móid fuinnimh ina bhfeictear an éagsúlacht is mó idir na línte gan aon bhriseadh iontu agus na línte briste na móid fuinnimh sin ina bhfuil méadú tagtha ar an ról a chomhlíonann fuinneamh in-athnuaite agus roghanna eile ísealcharbóin iontu le himeacht ama:

- Bhí an t-ídiú fuinnimh theirmigh in 2024 ar leibhéal 3% ní b'ísle ná mar a bhí in 2014. Bhí CO₂ teirmeach 6% ní b'ísle ná leibhéal 2014.
- D'éirigh treocht an ídithe fuinnimh iompair ní b'airde sa tréimhse atá le feiceáil, ach amháin an titim shuntasach in aimsir na paidéime in 2020. Bhí an t-ídiú fuinnimh in 2024 7% ní b'airde ná an t-ídiú in 2014. Bíodh sin mar atá, bhí CO₂ iompair iompaithe arís fo leibhéal 2014 faoi 2024 tar éis méadú a theacht air sa tréimhse idir an dá linn.


➤ Tá an t-ídiú leictreachais ag cloí le treocht den chineál céanna le hídiú iompair le himeacht ama, ach níor tháinig iompú chomh mór céanna air i ndiaidh na paidéime. Mar sin, bhí an t-ídiú leictreachais in 2024 4% ní b'ísle ná mar a bhí in 2014. Tá laghdú suntasach tagtha ar an CO₂ leictreachais sa tréimhse. Bhí astaíochtaí leictreachais in 2024 ar leath an leibhéil a bhí ann in 2014, de thoradh ar dhícharbónú ó thaobh an tsoláthair de den chuid is mó.

Níl mórán d'athrú tagtha ar an ionchur coibhneasta ó bhreoslaí iontaise, leictreachas eangaí agus fuinneamh in-athnuaite i bhfuinneamh na hearnála poiblí ó bhí 2014 ann, mar atá le feiceáil in Tugtar i bhFíor 26. Tá sciar na mbreoslaí iontaise laghdaithe ó 56% go 55% sa tréimhse atá á léiriú. An leibhéal ab airde a bhí ann ná 57% in 2019.

Fíor 25: Athrú ar fhuinneamh deiridh agus ar CO₂ ó 2014




Fíor 26: Ionchur ó bhreoslaí iontaise, leictreachas eangaí agus fuinneamh in-athnuaite, 2014-2024



Tá sciar an fhuinnimh in-athnuaite sa téamh agus san iompar sa tréimhse, seachas leictreachas, á léiriú in Tugtar i bhFíor 27. D’úsáid dhá chomhlacht poiblí mhóra 95% den ídiú bithfhuinnimh a tuairiscíodh do 2024 nár ídiú taistil é, lena úsáid ar chúiseanna tionsclaíocha agus próisis³⁰. Nuair a chuirtear na

húsáideoirí seo as an áireamh, ba 1.9% an sciar de theas in-athnuaite san earnáil poiblí in 2024. Maidir leis an méadú go 7.8% faoi 2024 ar úsáid an fhuinnimh in-athnuaite san iompar, an chúis is mó leis sin ná an méadú ar an Oibleagáid um Breosla Iompair In-athnuaite (RFTO) le himeacht ama³¹.

Fíor 27: Sciar den fhuinneamh in-athnuaite sa téamh agus san iompar, 2014-2024 (seachas leictreachas)



30 Coillte agus Uisce Éireann.


31 Leis an Oibleagáid um Breoslaí In-athnuaite Iompair, leagtar oibleagáid ar sholáthraithe breoslaí iompair a dheimhniú gur breosla in-athnuaite a bhíonn i leibhéal áirithe ar a laghad de na breoslaí mótaí a chuireann siad ar an margadh in Éirinn, mar shampla bitheatánól nó bithdhíosal.

3.6 Athrú ar ídiú fuinnimh agus ar astaíochtaí ó 2023

Ar an iomlán, tháinig méadú 117 GWh, nó 2%, ar an ídiú deiridh fuinnimh san earnáil poiblí idir 2023 agus 2024, agus tháinig méadú 3% ar fhuinneamh teirmeach, méadú 2% ar iompar agus méadú 1% ar leictreachas. Tháinig sé seo tar éis laghdú 2% ar ídiú fuinnimh idir 2022 agus 2023. Fíor 24 a léiríonn na húsáideoirí difriúla a chuir leis an méadú iomlán 117 GWh ar ídiú fuinnimh in 2024, á miondealú idir ídiú teirmeach, ídiú iompair agus ídiú leictreachais, agus idir breoslaí iontaise agus breoslaí in-athnuaite. Tháinig méadú 1% in 2024 ar an ídiú iomlán breoslaí iontaise (21 GWh).

Tháinig méadú 2% ar an ídiú fuinnimh deiridh san earnáil poiblí idir 2023 agus 2024. Tháinig méadú 3% ar an ídiú fuinnimh i bhfuinneamh teirmeach, 2% san iompar agus 1% sa leictreachas


Fíor 28: Athrú ar ídiú deiridh fuinnimh 2023-2024



Tá achoimre in Figiúr 29 ar na hathruithe ar CO₂ ag baint le fuinneamh idir 2023 agus 2024.

- Tháinig méadú 8 ktCO₂ (2%) ar CO₂ teirmeach mar gheall ar mhéadú 37 GWh ar ídiú breoslaí iontaise le haghaidh teasa.
- Tháinig laghdú 4 ktCO₂ (1%) ar CO₂ iompair in ainneoin gur tháinig 2% de mhéadú ar an ídiú fuinnimh iompair. An chúis a bhí leis sin ná gur tháinig laghdú ar ghné na mbreoslaí iontaise den ídiú fuinnimh iompair in 2024 de thoradh, den chuid is mó, ar mhéadú ar rátaí den chumasc bithbhreoslaí i ndíosal sonraíochta caighdeánaí mar gheall ar fheidmiú na hOibleagáide um Breoslaí Iompair In-athnuaite.
- Tháinig méadú 4 ktCO₂, nó 0.4%, ar CO₂ iontaise.
- Cé gur tháinig méadú 15 GWh (1%) ar ídiú leictreachais, tháinig laghdú 28 ktCO₂ (4%) ar CO₂ leictreachais mar gheall ar laghdú 5% ar dhéine astaíochtaí an chórais leictreachais in Éirinn idir 2023 agus 2024.
- Tháinig glanlaghdú 25 ktCO₂, nó 2%, ar CO₂ iomlán.

Fíor 29: Athrú ar astaíochtaí CO₂, 2023-2024



4 Cás-staidéir

Léiríonn na sonraí a cuireadh isteach an coigilteas a baineadh amach trí na mílte tionscadal coigilte fuinnimh a chur i bhfeidhm. Níl sna tionscadail a léirítear ar na leathanaigh seo ach sampla de na tionscadail a tuairiscíodh don Údarás in 2024.



ISO 50001 bainte amach ag FSS

In 2024, i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), baineadh amach deimhniú go caighdeán ISO 50001 sa bhainistíocht dhomhanda fuinnimh as cur chuige FSS d'fhonn éifeachtúlacht agus feidhmiúlacht fuinnimh na heagraíochta a fheabhsú i rith an ama.

Tá an deimhniú seo mar fhorbairt anuas ar an obair atá déanta go dtí seo ag Caipiteal agus Eastáit FSS, i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, chun na córais agus próisis a leagan síos de réir mar a theastaíonn chun an fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú. Samplaí de na córais agus próisis seo ná monatóireacht ar ídiú fuinnimh, iniúchtaí fuinnimh a dhéanamh, spriocanna feidhmíochta fuinnimh a leagan síos agus deiseanna a aimsiú le cúrsaí fuinnimh a fheabhsú.

Ós rud é gur ceann de na húsáideoirí fuinnimh is mó san earnáil phoiblí atá in FSS, tá ról suntasach le comhlíonadh ag an eagraíocht san earnáil phoiblí lena spriocanna a bhaint amach. Léiriú ar thiomantas FSS gníomhú mar eagraíocht eiseamláireach agus ceannaireacht a thabhairt san earnáil phoiblí ná gur baineadh amach deimhniú ISO 50001 in FSS taobh le bunú Biúróinna Fuinnimh réigiúnacha agus clár fairsing leanúnach tionscadal iarfheistithe, idir iarfheistiú domhain agus iarfheistiú éadomhain.

Baineadh amach laghdú 19% ar astaíochtaí CO₂ san iomlán in FSS agus feabhsú 34% ar fheidhmíocht éifeachtúlachta fuinnimh faoi dheireadh 2024.

34%
an éifeachtúlacht
fuinnimh
feabhsú


Iarfheistiú ar theaschaidéal défhiúsach i Scoil na Cógaisíochta i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh

Osclaíodh foirgneamh Scoil na Cógaisíochta i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh in 2006 agus bhí sé réasúnta éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de mar sin. Foirgneamh breá a bhí ann, mar sin, le teaschaidéal ísealteochta a chur isteach ann.

In 2024, tar éis tabhairt faoi staidéar indéantachta maidir le teaschaidéal, shocraigh Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, dul le córas comhthreomhar défhiúsach (teaschaidéal agus coirí ag obair le chéile dá mbeadh aimsir iontach fuar ann). Is é a bhí i gceist sa tionscadal ná gur suiteáladh dhá theaschaidéal aerfhoinse leictreacha 148 kW agus, mar chúltaca, coirí gáis nach gcuirfí ag obair iad ach amháin dá mbeadh aimsir iontach fuar ann.

Tá teaschaidéal eile ann a úsáideann teas iarmharach, ar mhaithe le héifeachtúlacht an chórais, chun uisce te tí a sholáthar.

Tá sé le tuiscint ón anailís ar shonraí le bliain anuas gur dócha go sásóidh na teaschaidéil 95% de na riachtanais bhliantúla san fhoirgneamh seo leis an spás a théamh agus, san am céanna, go mbainfear amach laghdú 26% ar an ualach iomlán fuinnimh. Bainfear amach laghdú 83% ar astaíochtaí CO₂ ón bhfoirgneamh faoi 2030 agus cuirfidh sé sin le laghdú 4% ar astaíochtaí Scóip 1 agus Scóip 2 san iomlán i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.



Dícharbónú Stáisiún Dóiteáin Bhré ag Comhairle Contae Chill Mhantáin

D'ainmnigh Comhairle Contae Chill Mhantáin Stáisiún Dóiteáin Bhré mar cheann de na húsáideoirí is mó breoslaí iontaise as stoc foirgneamh na Comhairle. Mar fhorbairt ar bhearta fuinnimh a cuireadh i gcrích sna trí bliana roimhe sin agus tar éis tabhairt faoi iniúchadh fuinnimh mionsonraithe, mhol an Oifig Fuinnimh gur chóir fuinneoga úra agus doirse bá fearais dóiteáin úra a shuiteáil chun an foirgneamh a shéalú, chomh maith le hathchóiriú iomlán ar an gcóras téimh agus aistriú go teaschaidéal aerfhoinse go huisce mar aon le radaitheoirí úra agus píobair úr.

Cuireadh an tionscadal i gcrích i mí an Mheithimh 2024 agus tacaíocht ann ó Chlár Pathfinder SEAI agus ó Aonad Fuinnimh an Lár-Oirthir. Dá thairbhe sin, is é an chéad fhoirgneamh é atá ag Comhairle Contae Chill Mhantáin atá iomlán dícharbónaithe agus, mar sin, ní theastaíonn téamh gáis nádúrtha ann.

De thoradh ar an tionscadal, tiocfaidh laghdú 60% ar an úsáid fuinnimh i Stáisiún Dóiteáin Bhré agus, san am céanna, tiocfaidh laghdú 100% ar astaíochtaí díreacha carbóin. Tá an obair seo mar chuid d'iarrachtaí Chomhairle Contae Chill Mhantáin a spriocanna do 2030 a bhaint amach ó thaobh fuinnimh agus carbóin de. Ina theannta sin, tá costais oibriúcháin an fhoirgnimh laghdaithe, tá an compord teirmeach éirithe níos fearr ann agus tionscadal eiseamláireach atá ann ar féidir le seirbhísí dóiteáin cloí leis an múnla.

Coláiste na Collchoille iarfheistiú domhain

Tugadh faoi iarfheistiú domhain fuinnimh i gColáiste na Collchoille a bhí le tacaíocht ó Chlár Pathfinder.

Rinneadh an díon maol a uasghrádú, séideadh insliú isteach sna ballaí cuasacha agus rinneadh seanbhloic a insliú taobh amuigh. Cuireadh fuinneoga agus doirse nua úra isteach ann agus cuireadh feabhsuithe aerdhíonachta i bhfeidhm ann.

Rinneadh córas téite ísealcharbóin a shuiteáil, is é sin teaschaidéal aerfhoinsé, radaitheoirí nua agus rialtáin nua. Suiteáladh aerú meicniúil agus aisghabháil teasa i ngach seomra ranga agus gach spás mór chun leibhéal ard de chaighdeán an aeir agus leibhéal ísle CO₂ a choinneáil i bhfeidhm sa scoil. Cuireadh soilsiú nua LED agus rialtáin uasghrádaithe ar fáil chomh maith le pointí luchtaithe feithiclí leictreacha, grianphainéil fhótavoltacha agus dáileachán uasghrádaithe i gcás na seirbhís meicniúla ar fad. Baineadh amach Rátáil Fuinnimh

A3

Rátáil Fuinnimh
Foirgnimh
(BER)



Foirgnimh (RFF) ar leibhéal A3 don scoil i gcomparáid le leibhéal C2 sular tugadh faoi na hoibreacha.

Tá príomhoide, foireann agus daltaí na scoile millteanach sásta leis an bhfoirgneamh feabhsaithe atá acu, foirgneamh atá breá geal, úr agus teolaí dar leo.

Uíbh Fhailí á Fhuinnmhiú: rannpháirtíocht foirne chun an t-athrú iompraíochta a spreagadh

D'éirigh go geal le Comhairle Contae Uíbh Fhailí an clár *Uíbh Fhailí á Fhuinnmhiú* a chur i ngníomh in 2024. An aidhm a bhí leis an bhfeachtas ná cultúr den fheasacht fuinnimh agus den ghníomhú ar son na haeráide a chothú i measc na foirne agus, san am céanna, laghdúithe intomhaiste ar an ídiú fuinnimh a bhaint amach in oibríochtaí i ngach réimse den chomhairle.

Bhí tiomantas an lucht ceannasaíochta fórtábhachtach le go bhféadfadh an feachtas dul ó neart go neart, iad ag tabhairt

aitheantas d'éachtaí foirne agus ag spreagadh baill foirne le bheith rannpháirteach ann. Teachtaireacht ionchuimsitheach lán ceiliúrtha a bhí ann ón tús dírithe ar iarrachtaí i dteannta a chéile chun tionchar fiúntach a imirt ar chúrsaí.

Cuireadh meascán gníomhaíochtaí rannpháirtíochta sa siúl i gcaitheamh na bliana. Ina measc siúd bhí na feachtais shéasúracha "Múch é!", Comórtas na nGeansaithe Olla agus an Feachtas Múchta Monatóirí. Ba é buaicphointe an chláir sa deireadh ná *Gradaim Uíbh Fhailí á Fhuinnmhiú*, ócáid inar thug lucht na hardbhainistíochta aitheantas do na rannóga ab éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de.

Bhí na baill foirne i ngach oifig, go háirithe sna leabharlanna, díograiseach faoin gclár agus baineadh amach laghdú 13% ar an úsáid leictreachais i bpríomhfhoirgneamh na comhairle a bhí i bpáirt lena gcuid iarrachtaí. €16,796 an costas a spáráladh, rud a léiríonn a éifeachtaí atá an t-athrú iompraíochta mar mhodh bainistíochta fuinnimh.

Anuas ar an méid a sábháladh láithreach dá bharr, baineadh amach buntáistí móra eile faoin gclár, cuir i gcás tuiscint ar spriocanna fuinnimh agus ar chláir oibre aeráide na comhairle, muinín chun tabhairt faoi thionscnaimh eile agus ceachtanna fiúntacha d'fheachtais amach anseo.

13%

de laghdú ar
úsáid fuinnimh



Úsáidtear teicneolaíocht dhigiteach san Ard-Mhúsaem le laghdú a bhaint amach ar ídiú fuinnimh agus ar astaíochtaí CO₂

Úsáideadh teicneolaíocht dhigiteach in Ard-Mhúsaem na hÉireann chun an fheidhmíocht fuinnimh a mhonatóiriú, a thuiscint agus a fheabhsú i bpunann mhór éagsúil foirgneamh an Mhúsaem tríd an gcoimisiúnú iarfheistithe agus bearta eile ísealchostais/gan aon chostas.

Baineadh feidhm as braiteoirí beaga nach raibh mórán i gceist leo ó thaobh cumraíochta ná cothabhála de chun sonraí a bhailiú ar fheidhmíocht príomhshócmhainní. Cuireadh na sonraí seo isteach i ndeais lárnach chun faisnéis luachmhara fíor-ama a chur ar fáil do bhainistíocht saoráidí chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht fuinnimh agus deiseanna a aimsiú ina dteastóidh idirghabháil, coimisiúnú uasghráduithe iarfheistithe nó deiseanna eile spárála fuinnimh.

Cuireadh tionscadal Idirlíon na nEarraí i gníomh sa tréimhse 2023/24 agus, de bharr na dtionscnamh spárála fuinnimh a tháinig as, tá laghdú 26% bainte amach ar úsáid gáis nádúrtha, laghdú 25% bainte amach ar ídiú leictreachais agus laghdú 32% bainte amach ar astaíochtaí CO₂

Tá an tionscadal ina chuidiú ag an eagraíocht lena spriocanna don ghníomhú ar son na haeráide a bhaint amach agus, ina theannta sin, tá feasacht níos fearr agus rannpháirtíocht ghníomhach cothaithe i measc na mball foirne agus lucht na bainistíochta.

32%
de laghdú ar
astaíochtaí
CO₂



150t

Astaíochtaí CO₂
a seachnaíodh



Tionscadal Bunathraithe chun Feabhais VHI don Iompar Inbhuanaithe

In 2024, thug VHI faoi bhunathrú chun feabhais a bhaint amach de réir a chéile ar a straitéis iompair, aistriú straitéiseach i dtreo an iompair inbhuanaithe. Tá an tionscnamh seo lárnach mar chuid de ghealltanais VHI go mbainfear amach laghdú 51% faoi 2030 ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa. Léiríú atá ann ar sprioc ghinearálta an bhoird an inbhuanaitheacht a leagan síos sa chúram sláinte.

Bhíothas dírithe sa tionscadal ar 43% de fhlít VHI a leictriú. Baineadh amach laghdú 37% in 2024 ar na ciliméadair feithicle á gcumhachtú ag breoslaí iontaise toisc gur cuireadh daichead a seacht feithicil leictreach ag obair. Tá buntáistí suntasacha comhshaoil agus airgeadais bainte amach mar gheall ar an aistriú seo cheana féin, cuir i gcás go bhfuil 150 tona d'astaíochtaí CO₂ á seachaint gach bliain taobh le €400,000 measta le sábháil ó thaobh costais de thar thréimhse cúig bliana.

Tá an t-uasghrádú seo ar an bhflít mar chuid den bhunathrú ginearálta chun feabhais in VHI. Tionscnamh iomlánaíoch atá ann agus meascán den bhonneagar, athrú iompraíochta, rannpháirtíocht fostaithe agus planáil fadtéarma i gceist ann.

5 Foirgnimh

Thuiriscigh trí chéad fiche a trí comhlacht poiblí sonraí maidir le 14,844 foirgneamh faoi dheireadh 2024. San iomlán, achar urláir 16.4 milliún méadar cearnach (m²) a bhí sna foirgnimh seo.

Iomláine agus caighdeán na sonraí maidir le foirgnimh

Aithnítear in SEAI gur próiseas atriallach é léargas cuimsitheach a fháil ar na foirgnimh ar fad san earnáil phoiblí de réir mar a dhéanann comhlachtaí poiblí sonraí níos cruinne a chur le chéile agus a thuirisciú maidir leis na foirgnimh atá acu. Tá an obair seo fós ag dul ar aghaidh. Leanann SEAI ar aghaidh ag tacú le comhlachtaí poiblí chun cáilíocht a gcuid sonraí a fheabhsú trí ábhar treorach, oiliúint agus seirbhísí tacaíochta saincheaptha a thabhairt dóibh.

Tá na sonraí maidir le 14,844 foirgneamh (achar urláir 16.4 milliún m²) tuairiscithe tríd an gcóras faireacháin agus tuairiscithe, ach measann SEAI go mb'fhéidir go mbeadh os cionn 18,000 foirgneamh agus breis is 20 milliún m² d'achar urláir i gceist le punann iomlán na bhfoirgneamh san earnáil phoiblí. Is eol go bhfuil bearnaí áirithe sna sonraí:

- Tá tús áite tugtha ag cuid comhlachtaí poiblí a bhfuil punanna móra foirgneamh acu do bhailiú agus tuairisciú na sonraí faoi na foirgnimh is mó atá acu agus, mar sin, tá sonraí fós le tuairisciú faoi na foirgnimh atá níos lú ná sin.
- Achar urláir 10 m² nó níos lú ná sin a bhí i gceist le beagnach 17% de na foirgnimh a bhfuil sonraí tuairiscithe ag comhlachtaí poiblí ina leith. Tá cuid mhór de na hiontrálacha sonraí seo ag teacht le foirgnimh atá beag i bhfrinne (ceardlanna beaga agus stórais bheaga) ach, i gcás cuid eile acu, is dócha gur foirgnimh iad nach raibh sonraí iontaofa ag comhlachtaí poiblí dóibh ó thaobh achar urláir de, agus ar chuir siad luachanna bréige isteach ina leith. (Tuairiscíodh go raibh achar urláir 1 m² ann i gcás 331 foirgneamh).
- Ní gá do scoileanna neamhspleácha sonraí a thuirisciú dá bhfoirgnimh. Ar an ábhar sin, níl na sonraí maidir le haon fhoirgnimh scoile nach bhfuil i bpunanna na sé bhord oideachais agus oiliúna á gcur san áireamh leis na sonraí sa chaibidil seo, sonraí faoi fhoirgnimh oideachais ina measc.


Tá achoimre in cuid 3.3. ar an méid teoranta sonraí maidir le hídiú agus astaíochtaí fuinnimh ar féidir figiúirí sonracha a thabhairt ina leith. I dtimthriall faireacháin agus tuairiscithe 2025 (mí na Nollag 2025 – mí na Bealtaine 2026), ní mór do chomhlachtaí poiblí sonraí ídithe fuinnimh ar leibhéal an fhoirgnimh a thuirisciú d'fhoirgnimh mhóra.

5.1 Úinéireacht foirgnimh

Bhí beagnach 70% de na foirgnimh a tuairiscíodh faoi úinéireacht na gcomhlachtaí poiblí a thuairiscigh iad, bhí 20% acu ar léas agus bhí 6% acu á gcur ar fáil do na comhlachtaí poiblí ag Oifig na nOibreacha Poiblí, mar atá le feiceáil in Tugtar i bhFíor 30. Ar bhonn an achair urláir, is iad foirgnimh faoi úinéireacht is cúis le nach mór trí cheathrú den phunann atá tuairiscithe, foirgnimh de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí 11% di agus foirgnimh ar léas 8% di.

Chuir 183 comhlacht poiblí in iúl go raibh aon fhoirgneamh amháin ar a laghad faoina n-úinéireacht. Thuairiscigh 13 eagraíocht go raibh punanna os cionn 100 foirgneamh an ceann acu.

Fíor 30: An líon foirgnimh earnála poiblí de réir stádas úinéireachta




5.2 Méid an fhoirgnimh

Fíor 31 ina léirítear dáileachán an achair urláir tuairiscithe don 14,844 foirgneamh. Tuairiscíodh achar urláir níos lú ná 100 m² i gcás beagnach an ceathrú cuid de na foirgnimh, achar atá níos lú ná an áit chónaithe

mheánmhéide in Éirinn³². Bhí achair urláir idir 100-1,000 m² ag 45% eile díobh, mar sin tá 71% de na foirgnimh a tuairiscíodh níos lú ná 1,000 m².

32 Is é an t-achair urláir ar an meán i ngach áitreabh a bhfuil measúnú RFF déanta air ná 117 m² (an Phríomh-Oifig Staidrimh, Rátálacha Fuinnimh Foirgneamh Cónaithe, Ráite 3, 2025).


Fíor 31: Dáileachán foirgneamh san earnáil poiblí de réir achar urláir



Ba líon réasúnta beag den 14,844 foirgneamh ba chúis le sciar suntasach den achar urláir a tuairiscíodh, mar atá le feiceáil i Fíor 32:

- Bhí achar urláir os cionn 10,000 m² ag 228 foirgneamh, agus 89 comhlacht poiblí difriúil iontu, agus is iad ba chúis le 30% den achar urláir iomlán.
- Bhí achar urláir os cionn 5,000 m² ag 686 foirgneamh agus is iad ba chúis le beagnach an leathchuid den achar urláir iomlán (150 comhlacht poiblí).
- Bhí achar urláir os cionn 2,500 m² ag 1,514 foirgneamh agus is iad ba chúis le díreach os cionn dhá thrian den achar urláir iomlán (191 comhlacht poiblí).

Fíor 32: An sciar den achar iomlán urláir a tuairiscíodh i gcás foirgnimh ar mhéideanna éagsúla



Tá an tairseach 250 m² i gcás mhéid an fhoirgnimh suntasach i gcomhthéacs na reachtaíochta reatha agus nuaí³³. Is iad an 7,134 foirgneamh ar tuairiscíodh achair urláir os cionn 250 m² dóibh ba chúis le 96% den achar iomlán. Tuairiscíodh gur faoi úinéireacht comhlachtaí


poiblí iad 81% de na foirgnimh seo. I dteannta a chéile, tuairiscíodh achar urláir comhiomlán 13.6 milliún m² do na foirgnimh >250 m² seo faoi úinéireacht arbh ionann an méid sin agus 83% den stoc foirgneamh a tuairiscíodh.

5.3 Cineál foirgnimh

Saoráidí cúraim sláinte a bhí i mbeagnach an tríú cuid de na foirgnimh a tuairiscíodh, oifigí iad beagnach an cúigiú cuid acu, áiseanna oideachais iad 12% acu agus foirgnimh speisialaithe iad 14% acu (saotharlanna, ceardlanna, stórais, trádstórais, srl. ina measc). Fíor 33 a thugann miondealú iomlán ar an líon foirgneamh a tuairiscíodh de réir cineáil agus léirítear in Fíor 38 miondealú den chineál céanna de réir achar urláir.


Foirgnimh oideachais, áiseanna cúraim sláinte agus foirgnimh oifigí ba chúis le 68% den achar urláir iomlán a tuairiscíodh. Áiseanna oideachais agus cúraim sláinte ba chúis leis an gceathrú cuid de an ceann. Fíor 35, Fíor 36 agus tá miondealuithe níos mionsonraithe in Fíor 37 do na trí dheighleog is mó seo.

Fíor 33: An líon foirgnimh earnála poiblí de réir an chineáil foirgnimh




33 Le hAirtéal 6 den Treoir athbhreithnithe maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, éilítear go ndéanfaí 3% den achar urláir ar a laghad i bhfoirgnimh os cionn 250 m² faoi úinéireacht comhlachtaí poiblí a athchóiriú gach bliain go foirgnimh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de (NZEB) nó go foirgnimh astaíochtaí nialasacha (ZEB). Leis an Treoir athmhúnaithe maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh, éilítear ar Bhallstáit a dheimhniú go n-úsáidtear grianfhuinneamh fótvoltach ar gach foirgneamh poiblí nua os cionn 250 m² 'má bhíonn sé oiriúnach go teicniúil agus indéanta go heacnamaíoch agus go feidhmiúil' faoi dheireadh 2026 agus ar gach foirgneamh poiblí os cionn 250 m² atá cheana ann faoi dheireadh 2030.

Fíor 34: Achar urláir i bhfoirgnimh san earnáil phoiblí de réir an chineáil foirgnimh (achar urlár de réir an mhilliúin m²)




Fíor 35: Achar urláir foirgneamh oideachais de réir fochineál foirgnimh³⁴




34 Ní thugtar aon sonraí i dtaca le scoileanna neamhspleácha sa chart seo – féach an téacs i mbosca ar leathanach 41.

Fíor 36: Achar urláir foirgneamh cúraim sláinte de réir fochineál foirgnimh



Fíor 37: Achar urláir foirgneamh oifigí de réir fochineál foirgnimh



6 Feithiclí


Tuairiscíodh go raibh 43,204 feithicil³⁵ i bhflít na hearnála poiblí faoi dheireadh 2024:

- 62 eagraíocht a raibh idir 1 feithicil agus 10 bhfeithicil acu (257 feithicil san iomlán, <1% den fhlít).
- 60 eagraíocht a raibh idir 11 feithicil agus 100 feithicil acu (2,147 feithicil san iomlán, 5% den fhlít).
- 50 eagraíocht a raibh idir 101-1,000 feithicil acu (14,613 feithicil san iomlán, 34% den fhlít).
- Ocht gcomhlacht poiblí a raibh os cionn 1,000 feithicil acu (26,108 feithicil san iomlán, 60% den fhlít).

Thuiriscigh timpeall leath de chomhlachtaí poiblí go raibh feithicil amháin ar a laghad acu i ndeireadh 2024 agus thuiriscigh an leath eile go sonrach nach raibh aon fheithicil ar bith acu³⁶.

Fíor 38 ina dtugtar miondealú ar fhardal feithiclí 2024 de réir an chineáil feithicle. Veaineanna iad díreach os cionn an tríú cuid de fhlít na hearnála poiblí, carranna do phaisinéirí iad 20% de agus mionbhusanna iad 8% de. Busanna agus cóistí móra iad 9% den fhlít agus trucaílí iad 7% de.

Fíor 38: Fardal feithiclí san earnáil phoiblí in 2024



35 Cuimsítear carranna, feithicilí, trucaílí, mionbhusanna, busanna, gluaisrothair, móipéid, trírothaigh, cuadrothair, feithicilí talmhaíochta agus feithicilí foraoiseachta, otharcharranna, feithicilí oiriúnacha do chathaoireacha rothaí agus catagóirí eile d'fheithicilí féinghluaiste i raon feidhme na bhfeithicilí intuairiscithe tríd an gcóras faireacháin agus tuairiscithe. Ní feithicilí intuairiscithe iad na cineálacha feithicilí seo a leanas: aerárthaí, árthaí muirí, árthaí abhann, traenacha, iarnród éadrom, rothair agus scútair.

36 Cúig chomhlacht phoiblí nár chomhlánaigh a n-aighneacht maidir le feithicilí. Tá comhlachtaí áirithe tugtha faoi deara ag SEAI nár thuiriscigh aon fheithicilí do 2024 ach arb eol go bhfuil flíteanna feithicilí acu. Aithnítear in SEAI gur próiseas atriallach é léargas cuimsitheach a fháil ar fhlít iomlán na hearnála poiblí de réir mar a dhéanann comhlachtaí poiblí sonraí níos cruinne a chur le chéile agus a thuirisciú.


Ní mór do gach comhlacht poiblí sonraí maidir le fáil feithiclí ó Lúnasa 2021 a thuairisciú do SEAI ionas go mbeifear in ann comhlíonadh na hÉireann leis an Treoir maidir le Feithiclí Glana a rianú. Leis an Treoir, déantar foráil i dtaobh spriocanna ceangailteacha íosta a leagan síos don sciar feithiclí 'glana', mar a shainítear sa Treoir, i mbearta soláthair a dtugann comhlachtaí poiblí fúthu³⁷.

Thuairiscigh 84 comhlacht poiblí go bhfuair siad 12,826 feithicil san iomlán idir Lúnasa 2021 agus an 31 Nollaig 2024. Rinneadh os cionn 71% d'fheithiclí arna soláthar a chatagóiriú mar fheithiclí saothair éadroim agus 17% eile díobh mar fheithiclí saothair throim. Is feithiclí breoslaí iontaise (feithiclí hibrideacha neamh-inluchtaithe san áireamh) iad 94% de na feithiclí a fuarthas. Níor cuireadh ach 678 feithicil cheallra-leictreach le flít na hearnála poiblí sa tréimhse sin,

arbh in 5% den mhéid iomlán feithiclí a fuarthas. Fíor 39 ina dtugtar miondealú mionsonraithe ar theicneolaíochtaí na bhfeithiclí arna soláthar sa tréimhse idir mí Lúnasa 2021 agus mí na Nollag 2024.

I gcás díreach os cionn leath de na soláthairtí feithiclí ar fad a thuairiscíodh don tréimhse, conarthaí seirbhíse a bhí iontu arna soláthar do chineálacha sonracha seirbhísí atá leagtha amach i dTábla 1 den larscríbhinn a ghabhann leis an Treoir maidir le Feithiclí Glana³⁸. Fíor 40 ina léirítear an miondealú ar sholáthairtí feithiclí ó bhí Lúnasa 2021 ann seachas na conarthaí seirbhíse seo. Cé go raibh díosal agus peitreal ar na teicneolaíochtaí ba mhó chun tosaigh sa ghrúpa seo, tháinig méadú ó 3% in 2021 go 15% in 2024 ar an sciar d'fheithiclí leictreacha ceallra a soláthraíodh (11% díobh san iomlán).


Fíor 39: Fáil feithiclí de réir teicneolaíochta ó Lúnasa 2021 go Nollaig 2024



37 Tá nóta míniúcháin curtha ar fáil ag an Roinn Iompair maidir leis na forálacha sa Treoir maidir le Feithiclí Glana ag <https://assets.gov.ie/static/documents/explanatory-note.pdf>.

38 Ba le haghaidh oibreoirí príobháideacha chun seirbhísí iompair do phaisinéirí a sholáthar tríd an Scéim Iompair Scoile a bhí sciar suntasach den soláthar conarthaí seirbhíse seo. Tuigean Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann go bhfuil bearnaí sna sonraí atá tuairiscithe go dtí seo do na conarthaí seirbhíse seo. Tá an tÚdarás ag obair leis na comhlachtaí poiblí cuí le go mbeidh tacar sonraí níos iomláine againn. Measann SEAI go mbeifear in ann comhiomlánú níos iomláine de sholáthar na seirbhísí seo a thabhairt i dtuarascáil na bliana seo chugainn.

Fíor 40: Fáil feithiclí ó Lúnasa 2021 (seachas conarthaí seirbhíse)



7 Taisteal ar ghnó


Níl an t-ídiú fuinnimh ó thaisteal gnó³⁹ taobh istigh de scóip na spriocanna do 2030 ó thaobh laghdú astaíochtaí de ná den sprioc éifeachtúlachta fuinnimh do 2030. Tá sé d'oibleagáid ar chomhlachtaí poiblí sonraí bliantúla maidir le taisteal gnó a thuairisciú ó bhí 2021 ann, áfach. Tá na sonraí sa chaibidil seo bunaithe ar aighneachtaí a fuarthas ó 337 comhlacht poiblí.

San iomlán, thuairiscigh comhlachtaí poiblí beagnach 409 milliún ciliméadar de thaisteal gnó le feithicil phríobháideach bhóthair in 2024. Tuairiscíodh gur feithicil leictreacha a bhí i gceist le timpeall 1% den mhéid sin. Iarradh chomh maith ar chomhlachtaí poiblí sonraí a thuairisciú faoi líon na gciliméadar a thaistil modhanna éagsúla iompair tráchtála agus poiblí. Tá achoimre in Fíor 41. ar na sonraí a tuairiscíodh do na blianta 2021-2024 don taisteal gnó le feithicil

phríobháideach bhóthair. Tá dhá chúinse thábhachtacha ann atá mar bhonn faoi na méaduithe suntasacha ar an leibhéal taistil atá le feiceáil sa chairt seo:

- Bhí tionchar suntasach ar an taisteal in Éirinn, taisteal gnó san earnáil phoiblí san áireamh, mar gheall ar an réimse leathan srianta ar chúiseanna sláinte poiblí a bhí i bhfeidhm i rith 2021 agus go luath in 2022.
- Bhí méid áirithe ama i gceist sular chuir cuid mhaith de na comhlachtaí poiblí córais ar bun chun na sonraí ar fad a thaifeadh agus a bhailiú faoi achar gach aistir. Is dócha go mbíodh tearcthuairisciú i gceist sa leibhéal iomlán den taisteal gnó agus go bhfuil feabhas tagtha de réir a chéile ar iomláine na sonraí a thuairiscítear.

Fíor 41: Taisteal gnó le feithicil phríobháideach de bhóthar, 2021-2024




³⁹ Tarlaíonn taisteal gnó nuair a thaistealaíonn daoine ó áit oibre amháin go háit oibre eile mar chuid dá ndualgais oibre. Ní hionann é agus an taisteal a dhéantar ón mbaile chuig an ngnátháit oibre agus ar ais, i.e. an chomaitéireacht. Is ionann seo agus taisteal príobháideach agus ní ghlactar leis gur turas gnó atá ann.


Thuiriscigh comhlachtaí poiblí 111,787 deighleog eitilte aonair tráchtála in 2024 freisin. Fíor 42 ina ndéantar achoimre ar an líon eitiltí a tuairiscíodh do na blianta 2021-2024. Mar an gcéanna leis na sonraí thuas do mhodhanna eile den taisteal gnó, is iad an deireadh le srianta i gcomhthéacs na sláinte poiblí agus feabhsuithe ar an mbailiú sonraí atá taobh thiar de na méaduithe suntasacha ar ghníomhaíocht atá le feiceáil.

Murab ionann agus sonraí maidir le taisteal le feithiclí príobháideacha bóthair, a thaifeadann comhlachtaí poiblí de ghnáth ar chúiseanna eile⁴⁰, ní bhíonn teacht go héasca de ghnáth ag eagraíochtaí ar shonraí maidir leis an achar a thaistealaítear ar mhodhanna iompair eile⁴¹. I gcás 2024, thuiriscigh comhlachtaí poiblí 24 milliún paisinéirchiliméadar taistil le hiarnród, 13 milliún paisinéirchiliméadar taistil le bus agus cóiste, 2.5 paisinéirchiliméadar taistil le tacsáí agus 0.8 milliún paisinéirchiliméadar taistil le bád farantóireachta. Tá achoimre air seo i bhFíor 43.

Fíor 42: An líon sciartha eitiltí tráchtála a tuairiscíodh, 2021-2024



Fíor 43: Taisteal gnó le seirbhísí tráchtála agus iompair phoiblí, 2024



40 De ghnáth coinnítear taifid ar an achar a thaistealaíonn feithiclí bóthair príobháideacha ar mhaithe le speansais foirne a aisíoc.

41 Aithníonn SEAI go raibh comhbhabhtáil ann idir an leibhéal iarrachta a theastaigh chun na sonraí seo a bhailiú do na blianta 2021-2024 agus luach na sonraí sin. Gníomh éigeantach a bhí ann na sonraí seo a thuirisciú go 2024 ach, ó 2025 ar aghaidh, gníomh roghnach a bheidh ann sonraí a thuirisciú i dtaca le taisteal gnó le hiompar tráchtála agus poiblí.


8 Comhlíonadh an tSainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide in 2024

Tá feidhm ag Sainordú 2024 um Ghníomhú ar son na hAeráide maidir le gach comhlacht poiblí ach amháin údaráis áitiúla, comhlachtaí tráchtála leathstáit agus an earnáil scolaíochta. Ní mór do na comhlachtaí poiblí seo ráiteas bliantúil a chur isteach maidir le comhlíonadh an tSainordaithe. Is é a bhí le déanamh in 2024 freagraí

